

**COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ
LAW REFORM
COMMISSION**

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023

CLÁR ÁBHAR

Clár Ábhar	2
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus Bail Foirne.....	4
Brollach.....	6
Caibidil 1 Réamhrá.....	8
Forbhreathnú ar Obair an Choimisiúin sa Bhliain 2023	8
Feidhmeanna Reachtúla an Choimisiúin.....	10
An Ráiteas Straitéise 2021-2023 Uainn	10
An Dóigh a nDéanaimid ár gCuid Taighde agus a dTéimid i ndáil Chomhairle	11
Caidreamh Seachtrach a Chothabháil.....	13
Caibidil 2 Obair agus Cur Chun Feidhme i réimse Athchóiriú an Dlí sa Bhliain 2023	14
Caibidil 3 Obair i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht sa Bhliain 2023	23
Réamhrá.....	23
An tEolaire Reachtaíochta.....	24
Achtanna Athbhreithnithe	24
Bunachar Sonraí an Liosta Aicmithe Reachtaíochta.....	25
An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtuil Réamh-1922.....	26
Caibidil 4 Tacaíocht Riaracháin agus Taighde sa Bhliain 2023	27
Réamhrá.....	27
An Coimisiún.....	27
An Coiste Bainistíochta	28
An Fhoireann Riaracháin	28
Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise.....	29
An Fhoireann Taighde	29
Airgeadas.....	30
Socruithe Rialachais	30
An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.....	31
Éifeachtúlacht Fuinnimh	33
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014.....	33
An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014	33
An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014.....	35
An Rún ón gCoimisiún maidir leis na Ráitis Airgeadais agus na hAschuir don Bhliain 2023.....	35

Aguisín A	Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.....	36
Aguisín B	Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 2023..	38
Aguisín C	Rogha Ócáidí, Cruinnithe agus Seimineár ina raibh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí páirteach sa bhliain 2023	40

AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ AGUS BAILL FOIRNE

AN COIMISIÚN

Cuimsíonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí cúigear comhaltaí, is iad sin: an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí eile. Ba iad seo a leanas na comhaltaí den Choimisiún sa bhliain 2023:

An Breitheamh Onórach Frank Clarke

Uachtarán

An tUas. Richard Barrett

Coimisinéir (lánaimseartha)

An Breitheamh Onórach Maurice Collins

Coimisinéir (páirtaimseartha)

An Dr Andrea Mulligan BL, Ollamh Cúnta le Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Coimisinéir (páirtaimseartha)

An Breitheamh Onórach Niamh Hyland

Coimisinéir (páirtaimseartha)

BAILL FOIRNE AN CHOIMISIÚIN

Stiúrthóir Taighde:

Rebecca Coen (a d'éirigh as an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí an 5 Meán Fómhair 2023)

Leas-Stiúrthóir Taighde:

An Dr Robert Noonan

Leas-Stiúrthóir Taighde:

Leanne Caulfield

Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:

Alma Clissmann

Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:

Kate Doran

Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht:

Fiona Carroll

Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise¹:

Órla Gillen

Sarah Foley

Bainisteoir an Chláir um Athchóiriú an Dlí Reachtúil:

Matthew Doncel

TAIGHDEOIRÍ DLÍ²

Aoife Enright

Cameron Moss

Colin Grant

Ciara O'Brien

Méabh Sexton

Méabh Smyth

Suzanne Scott

Katey Tolan

Morgane Nerrou

Clodagh Hunt-Sheridan

Kiri O'Neill

Síona Molony

Steven Marren

BAILL FOIRNE RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN

Ceann Riaracháin:

Bríd Rogers

Oifigigh Feidhmiúcháin:

Gavin Walsh

Katie Conlon

Kevin Gibson

Oifigeach Cléireachais:

Claire Carroll

¹ Ní raibh na Bainisteoirí Leabharlainne agus Faisnéise go léir fostaithe ar feadh na bliana ar fad.

² Ní raibh na Taighdeoirí Dlí go léir fostaithe ar feadh na bliana ar fad.

BROLLACH

Sa bhliain 2023, bhí an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ag gabháil go dícheallach fós do dhul chun cinn a dhéanamh ar a phunann tionscadal, agus é i mbun pleanáil straitéiseach le haghaidh tionscnaimh a bhí le teacht. I dtús na bliana, ba chúram suntasach ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí é Tuarascáil chuimsitheach a chur le chéile ar Fháil Éigeantach Talún. Cé gurbh obair chasta í sin, bainistíodh go héifeachtach í a bhuí le hiarrachtaí ball foirne tiomnaithe agus le cabhair ó chomhoibriú cuiditheach le geallsealbhóirí. Ba mar thoradh ar na hiarrachtaí sin a eisíodh an tuarascáil go rathúil i mí an Mhárta.

Ar fud na bliana, leithdháileadh méid suntasach ama agus acmhainní ar an tionscadal um Chumhdach Aosach, rud a léiríonn raon feidhme mór agus tábhacht mhór an tionscadail. Bhí iarrachtaí comhbheartaithe na mball foirne uile ina gcuid ríthábhachtach de dhul chun cinn a dhéanamh ar an tionscnamh sin. Is léiriú é sin ar a thiomanta atá an eagraíocht d'aoisigh atá i mbaol sa tsochaí a chumhdach.

Ag breathnú ar aghaidh dó, shainaithin an Coimisiún roinnt príomhthionscadal a bhfuiltear le díriú orthu sa todhchaí. Áirítear leo sin Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh, Dlíteanas Comhlachas Neamhchorpraithe, agus Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí. Fuarthas aighneachtaí an-luachmhar don Pháipéar Comhairliúcháin ar Chistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí, agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar an obair ar Chomhlachtaí Tugtha Breithiúnas nach Cúirteanna iad, a bhuí leis an saineolas a fuarthas ón Ollamh Paul Daly, scoláire ar cuairt ó Ollscoil Ottawa.

Agus na tionscadail sin á gcur san áireamh, chuir an Coimisiún lenár n-acmhainn taighde sa bhliain 2023, cé gur éirigh ár Stiúrthóir Taighde as i mí Mheán Fómhair. A bhuí le baill foirne taighde nua agus bainisteoir leabharlainne agus faisnéise a bheith aige anois, mar aon le hionchur a bheith faighte aige ó scoláirí ar cuairt, ó shaineolaithe agus ó intéirnigh, tá an Coimisiún ina ionad dinimiciúil fós le haghaidh modheolaíochtaí nuálacha taighde agus le haghaidh uirlisí teicneolaíochta.

Mar bheart straitéiseach chun iarrachtaí sa todhchaí a athchóiriú chun éifeachta, roghnaigh an Coimisiún a phunann tionscadal a chuíchóiriú sa bhliain 2023, ar dá bharr a rinneadh roinnt tionscadal seanbhunaithe a iarchur nó a mhionchoigeartú chun díriú níos spriocdhírthe a chinntiú.

Ina theannta sin, bhí áthas ar an gCoimisiún a chomhar le comhlachtaí comharsanacha um Athchóiriú an Dlí a athnuachan, agus cruinniú aghaidh ar aghaidh i nDún Éideann i mí na Samhna ar an toradh a bhí air sin. De bhreis air sin, bhí sé d'onóir againn cuairt ón bpearsanra ó Thuaisceart Éireann a óstáil, rud a neartaigh tuilleadh ár n-iarrachtaí comhoibríocha sa réimse um athchóiriú an dlí.

D'athbheoigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a chuid iarrachtaí sa Chlár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil trí thabhairt faoin gcéad chéim eile den tionscnamh sin. Bhí sé mar aidhm leis an gcéim sin aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar na hionstraimí reachtúla uile a achtaíodh suas go dtí bunú an stáit. Is é atá sa chúram sin ná céim shuntasach ar aghaidh maidir le soiléire, comhleanúnachas agus inrochtaineacht an chreata dhlíthiúil lena rialaítear ár náisiún a chinntiú.

Chun ullmhú don tréimhse ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2026, d'ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Ráiteas Straitéise nua. Agus aitheantas á thabhairt againn dá thábhachtaí atá cleachtas rialachais, d'fhostaíomar sainchomhairleoirí seachtracha freisin chun athbhreithniú cuimsitheach ar rialachas a dhéanamh. Is díol suntais é nár gabhadh aon mheastóireacht den sórt sin de láimh ó bhí an bhliain 2007 ann.

Áiríodh na nithe seo a leanas leis an obair a rinne an Coimisiún i réimse na rochtana ar reachtaíocht sa bhliain 2023:

(i) An tEolaire Reachtaíochta

Rinneadh an tEolaire Reachtaíochta, ar innéacs é atá ar fáil go poiblí agus lena rianaítear athruithe ar reachtaíocht phríomha (Achtanna) agus ar reachtaíocht thánaisteach (Ionstraimí Reachtúla), a chothabháil agus a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil.

(ii) Achtanna Athbhreithnithe

Déantar Achtanna Athbhreithnithe, ar Achtanna leasaithe iad ina léirítear na hathruithe a rinneadh ó achtaíodh iad, a thabhairt cothrom le dáta laistigh de dhá mhí. Bhí níos mó ná 490 Acht Athbhreithnithe á gcothabháil ag deireadh na bliana 2023, tar éis 11 cheann a aisghairm.

(iii) An Liosta Aicmithe Reachtaíochta

Rinneadh an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, ina bhfuil breis agus 2,000 Acht agus breis agus 15,000 Ionstraim Reachtuil atá i bhfeidhm, agus iad eagraithe faoi 36 theideal ábhair, a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil freisin.

Is mór ag an gCoimisiún an tacaíocht leantach a fuair sé ó Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne, agus an comhoibriú leantach leis. Faighimid comhar luachmhar ó ranna agus gníomhaireachtaí eile rialtais, ó chomhlachtaí neamhrialtasacha agus ón bpobal i gcoitinne freisin. Táimid buíoch go háirithe díobh sin a thóg an t-am chun a gcuid taithí, saineolais agus léargas a chur in iúl dúinn chun cabhrú le hobair an Choimisiúin i réimse athchóiriú an dlí.

Ba í seo mo chéad bhliain iomlán mar Uachtarán ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus bhí mé tógtha leis an díograis dhaindean agus an spiorad comhoibríoch a thaispeáin ár mbaill foirne dlí agus ár mbaill foirne riaracháin araon. Bhí an tiomantas sin dár spriocanna comhroinnte ina chuid dhílis de mhisean agus cuspóirí an Choimisiúin a bhrú chun cinn.



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán an Choimisiúin

CAIBIDIL 1 RÉAMHRÁ

FORBHREATHNÚ AR OBAIR AN CHOIMISIÚIN SA BHLIAIN 2023

Le linn na bliana 2023, sheol an Coimisiún taighde agus comhairliúchán fairsing ar roinnt mórtionscadal. Lean sé ar aghaidh lena chuid oibre seanbhunaithe i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht freisin. Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí sa bhliain 2023:

1. Tionscadail um athchóiriú an dlí

D'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil ar *Fháil Éigeantach Talún* an 29 Márta 2023. Bhí an tuarascáil comhdhéanta de dhréacht-Bhille, dar teideal an Bille um Fháil Éigeantach Talún, 2023, agus de chúig chaibidil ina mínítear an cur chuige a ghlac an Coimisiún agus é ag teacht ar a chonclúidí. Pléadh sa Tuarascáil leis na hathchóirithe sa chóras fála éigeantaí tar éis an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a bheith deimhnithe agus tar éis dó teacht in éifeacht. Ba é príomhchuspóir an Choimisiúin ná córas simplithe fála agus cúitimh a thabhairt isteach, ar córas é lena gcothromaítear go cothrom cearta na n-úinéirí a bhfuil a dtalamh á fháil agus an gá atá ag na húdaráis fála le talamh a fháil go mear agus go héifeachtúil ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail atá le leas an phobail. I dtús báire, ba leithne raon feidhme scrúdú an Choimisiúin ar an dlí um cheannach éigeantach agus áiríodh ann an próiseas ó dhéanamh ordaithe ceannaigh éigeantaigh i leith. I bhfianaise Bille athbhreithnithe um Pleanáil agus Forbairt a bheith forbartha ag an Rialtas, áfach, ar Bille é lenar áiríodh forálacha a bhaineann le horduithe ceannaigh éigeantaigh suas go dtí céim an deimhnithe, dhírigh an Coimisiún a scrúdú go hiomlán ar an bpróiseas gníomhachtúcháin agus ar an bpróiseas cúitimh.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Páipéar Comhairliúcháin i mí Iúil 2023: *Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí in Éirinn*. Tarlaíonn cistiú tríú páirtí nuair a mhaoiníonn eintiteas ("an maoinitheoir"), nach bhfuil bainteach le páirtí i ndíospóid dhlíthiúil ar shlí eile, an costas a bhaineann leis an díospóid sin a réiteach thar ceann an pháirtí sin. Má réitítear an díospóid i bhfabhar an pháirtí chistithe, aisíoctar méid a infheistíochta tosaigh leis an maoinitheoir agus faigheann an maoinitheoir luach saothair breise ar an infheistíocht sin. I láthair na huaire, toirmeasctar leis an dlí in Éirinn cásanna dlí a bheith á gcistiú ag páirtithe seachtracha nach bhfuil leas dlisteanach agus neamhspleách acu sa toradh. Is ar bun atá obair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar thuarascáil a chur le chéile lena léirítear tuairimí na gcomhairlithe.

Leanadh ar aghaidh le taighde an Choimisiúin ar athchóiriú an dlí sa bhliain 2023 freisin, a bhí dírithe ar na tionscadail seo a leanas um athchóiriú an dlí:

- (a) Dul i ndáil chomhairle maidir le *Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach* agus Tuarascáil a dhréachtú ina leith, rud a bhfuil i gceist leis scrúdú a dhéanamh ar an riocht a bheadh ar chreat reachtúil agus rialála le haghaidh cumhdach aosach in

Éirinn, ar creat é:

- atá ceartabhunaithe agus lena gcinntítear cothromaíocht chuí idir cumhachtú agus cosaint;
- a bhfuil mar aidhm leis cosaint a thabhairt ar gach cineál drochúsáide, lena n-áirítear drochúsáid fhisiciúil, drochúsáid shíceolaíoch agus drochúsáid airgeadais, agus iad a chosc; agus
- lena ndéantar cultúr ardchaighdeán iompraíochta agus cúraim a chur chun cinn, a fhorghaoirsiú agus a fhorfheidhmiú go gníomhach.

(b) Páipéar Comhairliúcháin maidir le *Comhlachtaí Tugtha Breithiúnas nach Cúirteanna iad agus Achomhairc chun na gCúirteanna* a dhréachtú, rud a bhfuil mar aidhm leis scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí caighdeánú agus simpliú a dhéanamh ar na próisis chinnteoireachta atá i bhfeidhm ag comhlachtaí tugtha breithiúnas nach cúirteanna iad agus ar an bhformhaoirseacht bhreithiúnach a dhéantar ar na breitheanna uathu.

(c) Dul i ndáil chomhairle maidir le *Tuarascáil ar Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh* agus an tuarascáil sin a dhréachtú, rud ina gcuimsítear an anailís deiridh agus na moltaí um athchóiriú an dlí ón gCoimisiún le haghaidh na scéime cúitimh Stáit, ag teacht sna sála ar scrúdú fairsing agus anailís fhairsing ar an dóigh a n-oibríonn an scéim chúitimh Stáit d'Íospartaigh na coireachta foréigní in Éirinn agus ar thuairimí agus aighneachtaí a fháil ó pháirtithe leasmhara.

(d) Dul i ndáil chomhairle ar *Thuarascáil ar Dhliteanas Comhlachas Neamhchorpraithe* agus an tuarascáil sin a dhréachtú.

2. Rochtain ar reachtaíocht

Áiríodh na nithe seo a leanas leis an obair a rinne an Coimisiún i réimse na rochtana ar reachtaíocht le linn na bliana 2023:

- rinneadh an tEolaire Reachtaíochta, an t-innéacs ar líne um athruithe reachtacha ar Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla, a nuashonrú gach seachtain nuair a achtaíodh reachtaíocht nua (Achtanna) nó nuair a rinneadh reachtaíocht nua (Ionstraimí Reachtúla).
- Bhí níos mó ná 490 ceann d'Achtanna Athbhreithnithe ann ag deireadh na bliana 2023, ar Achtanna leasaithe iad ina léirítear na hathruithe a rinneadh ó achtaíodh iad agus a nuashonraítear laistigh de dhá mhí.
- déantar an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, ina bhfuil breis agus 2,000 Acht agus breis agus 15,000 Ionstraim Reachtúil atá i bhfeidhm, agus iad eagraithe faoi 36 theideal ábhair, a chomhtháthú le bunachar sonraí an Eolaire Reachtaíochta agus é a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil freisin.
- rinneadh dul chun cinn sa bhliain 2023 ar an gClár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil réamh-1922, agus cinn de Bhille á seoladh lena ndruchtú don tréimhse ón mbliain 1821 go dtí an bhliain 1860. Cuireadh tús le hobair faoin gClár sa bhliain 2019 agus cinnfear leis cé na hionstraimí tánaisteacha ón mbliain 1821 go dtí an bhliain 1922 atá fós i bhfeidhm. Tá obair ar bun chun taighde a dhéanamh ar an tréimhse ón mbliain 1861 go dtí an bhliain 1921.

FEIDHMEANNA REACTÚLA AN CHOIMISIÚIN

Tá an Coimisiún ina chomhlacht reachtúil a bunaíodh leis an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún dlí na hÉireann a choimeád faoi bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú. Tagann na nithe seo a leanas faoin míniú ar athchóiriú an dlí:

- an dlí a fhorbairt,
- an dlí a chódú, lena n-áirítear an dlí a shimpliú agus a fhreacnairciú, agus
- reachtaíocht a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú.

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 225 dhoiciméad (Páipéir Saincheisteanna, Páipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha) ina bhfuil tograí le haghaidh athchóiriú an dlí. Foilsíonn sé na haschuir óna chuid oibre i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht freisin (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe, agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta). Tá liosta iomlán de na foilseacháin ón gCoimisiún ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie, áit a bhfuil gach foilseachán ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce.

Cláir um Athchóiriú an Dlí agus Iarrataí ón Ard-Aighne

Is as dhá phríomhfhoinsé a thagann obair an Choimisiúin i réimse athchóiriú an dlí:

- Cláir um Athchóiriú an Dlí a n-ullmhaíonn an Coimisiún iad, a gcomhaontaíonn an Rialtas iad agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais, agus
- Iarrataí a fhaightear ón Ard-Aighne i ndáil le nithe ar leith. (Ní bhfuarthas aon iarrataí den sórt sin sa bhliain 2023)

Ó bunaíodh sa bhliain 1975 é, d'oibrigh an Coimisiún ar chúig Chlár um Athchóiriú an Dlí.

Rochtain ar Reachtaíocht

Rud eile atá i gceist le hobair an Choimisiúin is ea reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal. Tá na forbairtí san obair i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht le linn na bliana 2023 pléite i gCaibidil 3.

AN RÁITEAS STRAITÉISE 2021-2023 UAINN

Foilsíodh an *Ráiteas Straitéise 2021-2023* ón gCoimisiún i mí an Mheithimh 2021, agus é ar fáil ag www.lawreform.ie.

Sainaithnítear sa Ráiteas Straitéise na luachanna agus na cuspóirí a bheidh ag an gCoimisiún agus na straitéisí a shaothrófar chun gur féidir leis an gCoimisiún na cuspóirí atá aige a bhaint amach, an sainordú reachtúil atá aige a chomhlíonadh agus freastal ar na feidhmeanna atá aige maidir lena chinntiú go mbeidh dlíthe na hÉireann oiriúnach do Stát nua-aimseartha agus go mbeidh siad inrochtana do chách.

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na príomhthosaíochtaí a bheidh ag an gCoimisiún idir na blianta 2021 agus 2023, lena n-áirítear freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire as na tosaíochtaí sin a bhaint amach. Leagtar amach ann freisin an tiomantas atá ag an gCoimisiún do na nithe seo a leanas:

- barr feabhais, neamhspleáchas agus oibiachtúlacht a bhaint amach i dtaighde an Choimisiúin
- díriú ar an úsáideoir deiridh in obair an Choimisiúin i réimse Athchóiriú an Dlí agus na Rochtana ar Reachtaíocht
- caidreamh, comhairliúchán agus teagmháil a dhéanamh leo sin a úsáideann an dlí agus a bhfuil tionchar ag an dlí orthu, lena n-áirítear daoine den phobal, an tsochaí shibhialta, comhlachtaí poiblí, agus an lucht léinn, dlí agus beartais
- cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn
- trédhearcacht agus iomláine a chothabháil sa dóigh a n-úsáideann an Coimisiún acmhainní

Na Príomhchuspóirí sa Ráiteas Straitéise

Sainaithnítear trí Phríomhchuspóir sa *Ráiteas Straitéise 2021-2023*. Is iad sin:

Príomhchuspóir 1: Athchóiriú an Dlí

An dlí a bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn dlí na hÉireann a fhorbairt, a shimpliú, a fhreacnairciú agus a chódú.

Príomhchuspóir 2: Rochtain ar Reachtaíocht

Reachtaíocht ina riocht reatha, mar atá a riocht leasaithe seachas a riocht achtaithe, a dhéanamh so-rochtana ar líne don phobal, agus faisnéis ghaolmhar a sholáthar.

Príomhchuspóir 3: Riarachán

Seirbhísí corparáideacha riaracháin agus gnó atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil a sholáthar don Choimisiún chun tacú leis an gCoimisiún na cuspóirí atá aige a chomhlíonadh.

AN DÓIGH A nDÉANAIMID ÁR gCUID TAIGHDE AGUS A dTÉIMID I nDÁIL CHOMHAIRLE

Bíonn obair an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach críochnúil.

Sanntar gach tionscadal do thaighdeoirí, a oibríonn ansin faoi mhaoirseacht ghinearálta ag an Stiúrthóir Taighde agus ag na Leas-Stiúrthóirí Taighde. I gcás obair i réimse na Rochtana ar

Reachtaíocht, oibríonn taighdeoirí faoi mhaoirseacht ag an mBainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus ag na Leas-Bhainisteoirí um Rochtain ar Reachtaíocht.

Tá sé ríthábhachtach gur praiticiúil, iomchuí, bunaithe ar réitigh agus dírithe ar úsáideoirí deiridh na reachtaíochta a bheadh na tograí ón gCoimisiún le haghaidh athchóiriú an dlí. Tá ríthábhacht ag baint le comhairliúchán, mar sin, maidir le hobair an Choimisiúin. Nuair a fhorbraítear foilseacháin, tograí agus moltaí, téitear i mbun comhairliúcháin le saineolaithe nó cleachtóirí a oibríonn i réimse ar leith, le hionadaithe do leasghrúpaí agus páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear cleachtóirí dlí agus gairmithe iomchuí eile, le comhlachtaí ionadaíochta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, le polaiteoirí agus comhaltaí den Rialtas, le Ranna agus Oifigí Rialtais, agus le daoine den phobal atá ag iarraidh caidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún. A bhfuil leis na léargais a ghnóthaímid ó na tuairimí agus na heispéiris de chuid comhairlithe, saibhrítear na foilseacháin ón gCoimisiún agus cabhraítear linn moltaí a fhorbairt atá inoibríthe, éifeachtach agus dírithe ar an úsáideoir deiridh.

Tá ríthábhacht ag baint le comhairliúchán maidir le hobair an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún doiciméid chomhairleacha a ullmhú agus a fhoilsiú freisin, dár gaireadh Páipéir Oibre, Páipéir Saincheistanna agus Páipéir Chomhairliúcháin ag amanna éagsúla ón mbliain 1975 i leith. Ghair an Coimisiún Páipéir Saincheistanna de na doiciméid sin idir na blianta 2013 agus 2020. I dtús na bliana 2021, chinn sé Páipéir Chomhairliúcháin a ghairm díobh an athuair. Tugtar leis na páipéir chomhairleacha sin próiseas struchtúrtha trína n-iarrtar aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara.

Nuair a dhréachtaíonn an Coimisiún na Tuarascálacha uaidh, ina leagtar amach an moladh deiridh ón gCoimisiún ar shaincheist ar leith a bhaineann le hathchóiriú an dlí, cuirtear san áireamh na léargais a gnóthaíodh ó chruinnithe le comhairlithe agus ó aighneachtaí ó chomhairlithe. Pléitear sa Tuarascáil ansin le haon ábhair imní a tharraing siad anuas. Sula ndréachtaítear an Tuarascáil, is minic a thionóltar seimineár ar an tsaincheist. Tugann an Coimisiún cuireadh do pháirtithe leasmhara freastal ar an seimineár, lena n-áirítear iad sin a rinne aighneachtaí.

Ar mhaithe le hinrochtaineacht a éascú, tá na foilseacháin uile ón gCoimisiún i réimse athchóiriú an dlí, lena n-áirítear páipéir chomhairleacha, ar fáil ar líne ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Is féidir ár gcuid oibre i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht a fháil ar shuíomh Gréasáin Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin freisin. Ghabh an Coimisiún air féin inrochtaineacht a mhéadú tuilleadh trí leaganacha achoimre de na foilseacháin uaidh a fhoilsiú i mBéarla simplí. Trí achoimrí a sholáthar i mBéarla simplí, cuirtear le rochtain an phobail ar a bhfuil sna foilseacháin ón gCoimisiún agus cabhraítear le freagraí a spreagadh ón bpobal is leithne is féidir.

Shuiteáil an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ReachDeck, bogearraí inrochtaineachta, ar a shuíomh Gréasáin ag www.lawreform.ie. Is é is ReachDeck ann ná barra uirlisí cuimsithe dhigitigh a soláthraíonn Texthelp é.

Cuimsítear sna bogearraí sin barra uirlisí in-saincheaptha atá deartha chun cabhrú le cuairteoirí ar an suíomh Gréasáin an fhaisnéis atá ar taispeáint ar an suíomh a leanúint trí uirlisí tacaíochta urlabhra, léitheoireachta agus aistriúcháin a sholáthar d'úsáideoirí deiridh.

CAIDREAMH SEACHTRACH A CHOTHABHÁIL

Cumarsáid le Ranna Rialtais

Déanann an Coimisiún cumarsáid thráthrialta le Ranna Rialtais iomchuí faoi thionscadail reatha agus faoi thionscadail amach anseo. Tagann an Coimisiún le chéile ar bhonn tráthrialta le hoifigigh shinsearacha ón Roinn Dlí agus Cirt chun breithniú agus plé a dhéanamh ar fhorbairtí leasa fhrithpháirtigh i réimse athchóiriú an dlí – sa dlí coiriúil agus sa dlí sibhialta araon.

Cruinnithe leis an Ard-Aighne agus leis an gCoiste Comhairleach

De réir an *Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, tá an Coimisiún ina chomhlacht reachtúil neamhspleách atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne. Is gnách go dtagann an cúigear comhaltaí den Choimisiún agus baill foirne shinsearacha ón gCoimisiún le chéile leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha ó Oifig an Ard-Aighne gach bliain. Tugtar le linn na gcruinnithe sin deis struchtúrtha thábhachtach chun clár oibre reatha an Choimisiúin a phlé leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha. Is fianaise iad freisin ar an gcaidreamh oibre tábhachtach atá ar bun idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne, mar gheall ar neamhspleáchas an Choimisiúin i seoladh a chuid feidhmeanna faoi Acht 1975.

Naisc idirnáisiúnta, agus cruinniú bliantúil na gCoimisiún comharsanach Dlí

Leagann an Coimisiún béim ar anailís chomparáideach ina chuid taighde. Dá bhrí sin, coinníonn sé teagmháil ar bun le comhlachtaí idirnáisiúnta iomchuí agus le comhlachtaí um athchóiriú an dlí den chineál céanna i dtíortha eile. Coinnítear na teagmhálacha sin ar bun trí fhreastal ar sheimineáir iomchuí agus trí chuirteanna a óstáil ó ghníomhaireachtaí eile um athchóiriú an dlí agus ó chomhlachtaí den chineál céanna a phléann le hathchóiriú an dlí.

Ina theannta sin, déanann na cúig Choimisiún chomharsanacha Dlí – Coimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige, na hAlban, Gheirsí, Thuaisceart Éireann agus na hÉireann faoi seach – cruinniú bliantúil a thionól, áit ar féidir tuairimí a mhalartú maidir le forbairtí in athchóiriú an dlí, lena n-áirítear modheolaíocht, agus a gcoinnítear naisc thábhachtacha ar bun idir na comhlachtaí.

Ghlac an Coimisiún páirt i gcruinniú bliantúil na gcúig Choimisiún chomharsanacha Dlí an 9 Samhain agus an 10 Samhain 2023. Ba i nDún Éideann a tionóladh an cruinniú sin, agus é á óstáil ag Coimisiún Dlí na hAlban. Ba iad an tUachtarán Clarke, an Coimisinéir Barrett agus an Coimisinéir Mulligan na daoine a bhí i láthair thar ceann na hÉireann. Thug gach Coimisiún cur i láthair i scríbhinn agus ó bhéal araon maidir lena gclár oibre reatha agus maidir lena gclár oibre beartaithe, agus plé á dhéanamh ar shineirgí agus ar dheiseanna.

CAIBIDIL 2

OBAIR AGUS CUR CHUN FEIDHME I RÉIMSE ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ SA BHLIAIN 2023

Bhí dhá Chlár um Athchóiriú an Dlí i gceist le hobair an Choimisiúin i réimse athchóiriú an dlí sa bhliain 2023, ba iad sin an Ceathrú agus an Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí.

Ba iad seo a leanas na tionscadail tosaíochta don bhliain 2023:

- (1) An Ceathrú Clár, Tionscadal 4: Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí, cuid de Dhíspeagadh Cúirte agus Cionta agus Toirt Eile lena mBaineann Riaradh an Cheartais;
- (2) An Ceathrú Clár, Tionscadal 8: Fáil Éigeantach Talún;
- (3) An Cúigiú Clár, Tionscadal 2: Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach.

AN CEATHRÚ CLÁR, TIONSCADAL 8: FÁIL ÉIGEANTACH TALÚN

D'fhoilsigh an Coimisiún an Tuarascáil ar Fhail Éigeantach Talún uaidh an 29 Márta 2023. Tháinig sé sin sna sála ar Pháipéar Saincheisteanna a foilsíodh i mí na Nollag 2017 agus inar iarradh tuairimí ó chomhairlithe maidir le gnéithe éagsúla den dlí um cheannach éigeantach (IP 13–2017). Leis an bhfoilseachán sin, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin ar ina leith a fuair an Coimisiún a lán aighneachtaí ó dhaoine aonair agus comhlachtaí a bhfuil spéis acu i bhfáil éigeantach.

Ní phléitear sa Tuarascáil ach leis na hathchóirithe sa chóras fála éigeantaí tar éis an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a bheith deimhnithe agus tar éis dó teacht in éifeacht. I dtús báire, ba leithne raon feidhme scrúdú an Choimisiúin ar an dlí um cheannach éigeantach agus áiríodh ann an próiseas ó dhéanamh ordaithe ceannaigh éigeantaigh i leith. I bhfianaise fhorbairt an Bhille athbhreithnithe um Pleanáil agus Forbairt, 2023, ar Bille é lena n-áirítear forálacha a bhaineann le horduithe ceannaigh éigeantaigh suas go dtí céim an deimhnithe, dhírigh an Coimisiún a scrúdú go hiomlán ar an bpróiseas gníomhachtúcháin agus ar an bpróiseas cúitimh.

Ba é príomhchuspóir an Choimisiúin sa Tuarascáil ná córas simplithe fála agus cúitimh a thabhairt isteach, ar córas é lena gcothromaítear go cothrom cearta na n-úinéirí a bhfuil a dtalamh á fháil agus an gá atá ag na húdaráis fála le talamh a fháil go mear agus go héifeachtúil ionas gur féidir dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadail atá le leas an phobail.

Maidir leis na príomhréimsí a ndírítear orthu sna moltaí um athchóiriú, baineann siad leis na nósanna imeachta le haghaidh fáil talún agus leo sin a bhaineann le híoc cúitimh. Tríd is tríd, rialaítear iad sin faoi láthair le reachtaíocht sheanbhunaithe: an Lands Clauses Consolidation Act 1845 agus an Acquisition of Land (Assessment of Compensation) Act 1919, arb iad na creataí bunúsacha a bhfuil feidhm acu in Éirinn maidir le fáil éigeantach agus le cúiteamh faoi seach iad.

Faoin gcreat reatha, is amhlaidh, tar éis ordú ceannaigh éigeantaigh a dheimhniú, a bhaintear an fháil amach trí úsáid a bhaint as nós imeachta um fhógra gnóthaíochta. Shainaithin an Coimisiún roinnt laigí sa nós imeachta sin.

Áirítear leo sin: (a) níl aon teorainn ama ann ar laistigh di nach mór d'údarás fála fógra maidir le dul isteach a sheirbheáil, tar éis fógra gnóthaíochta a sheirbheáil; (b) i gcás go seirbheáiltear fógra maidir le dul isteach, níl aon teorainn ann leis an tréimhse ina bhféadfaidh an t-údarás fála dul i

seilbh; agus (c) níl aon chúiteamh iníoctha ag an am a chailleann an t-úinéir seilbh ach, ina ionad sin, níl sé iníoctha ach amháin nuair a chinntear cúiteamh (cé go bhfuil ús le híoc ar an tsuim chuitimh ón dáta a ghlacann an t-údarás fála seilbh). Ina theannta sin, is é an dáta ar a luacháiltear an talamh chun cúiteamh a mheasúnú ná an dáta ar a seirbheáiltear an fógra gnóthaíochta, cé go gcaillfidh an t-úinéir seilbh ag tráth difriúil níos déanaí agus nach measúnófar an cúiteamh ach i gceann tamall maith ina dhiaidh sin fós. D'fhéadfadh an riail sin oibriú go míchothrom, ag brath ar conas a athraíonn luachanna talún thar an tréimhse ama iomchuí.

Mhol an Coimisiún go ndéanfaí an nós imeachta um fhógra gnóthaíochta a aisghairm ina iomláine agus go gcuirfí an nós imeachta um ordú dílseacháin a mholtar sa dréacht-Bhille ina ionad. Rachaidh an nós imeachta um ordú dílseacháin chun tairbhe d'úinéirí agus d'údaráis fála araon. D'fhéadfadh gur ghá aistriú chuig córas atá bunaithe ar orduithe dílseacháin ag amanna difriúla sa todhchaí chun teacht leis na dlíthe difriúla a bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis dhifriúla fála.

Rachadh úinéirí tairbhe as na hamlínte dochta a mholtar, ar amlínte iad lena gceanglaítear ar an údarás fála leanúint leis an bhfáil éigeantach ar bhealach tráthúil. Beidh 12 mhí ag údarás fála ón dáta a thagann an t-ordú ceannaigh éigeantaigh in éifeacht chun a chinneadh cé acu is mian nó nach mian leis leanúint leis an bhfáil. Mura leanann sé leis an bhfáil, trí ordú dílseacháin a sheirbheáil laistigh den tréimhse sin, rachaidh an t-ordú ceannaigh éigeantaigh as feidhm. Ní mór fógra trí mhí a thabhairt d'úinéir a luaithe a chinneann an t-údarás leanúint leis an bhfáil, ionas gur féidir leis an úinéir a ghnóthaí a eagrú de réir mar is gá. De bhreis air sin, ní mór don údarás fála a chinntiú go ndéantar an t-ordú dílseacháin tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a sheirbheáiltear é.

Gheobhaidh údaráis fála teideal neamhualaithe i leith na talún ag céim a bheidh i bhfad níos luaithe ná mar atá amhlaidh san am i láthair. Beag beann ar aon deacrachtaí teidil a d'fhéadfadh a bheith ann, dílsítear úinéireacht. Faoin gcóras reatha, ní fhaigheann údarás fála úinéireacht ar an talamh go dtí go ndéantar cúiteamh a chomhaontú agus a chinneadh agus go gcruthaíonn an t-úinéir a theideal.

Mhol an Coimisiún go ndéanfaidh údarás fála réamhíocaíocht nach lú ná 90% de mheastachán an údaráis ar theidlíocht an úinéara i leith cuitimh ag an am a chailleann an t-úinéir teideal i leith a thalún, nó gar don am sin. Cé gur rud nua in Éirinn é sin, tá sé seanbhunaithe i ndlínsí eile agus gabhann tairbhí suntasacha leis d'úinéirí agus d'údaráis fála araon. Mar thoradh air sin, gheobhaidh úinéirí suim shuntasach airgid sula gcaillfidh siad seilbh ar a dtalamh (ar choinníoll go soláthraíonn siad cruthúnas ar theideal). Rachfar chun tairbhe d'údaráis fála toisc go ndéanfar cion suntasach den chúiteamh a bheidh iníoctha sa deireadh a íoc ag céim luath nuair a fhaigheann an t-údarás úinéireacht ar an talamh. Is é an toradh a bheidh air sin ná go laghdófar go suntasach an leibhéal úis a bhféadfadh siad a bheith faoi dhliteanas ina leith faoin gcóras reatha, áit a n-íoctar ús ar an gcúiteamh ón dáta a théann an t-údarás i seilbh go dtí an dáta a dhéanann sé an íocaíocht chuitimh.

Mhol an Coimisiún athrú suntasach sa sásra reatha le haghaidh díospóidí a réiteach i gcás díospóidí a bhaineann leis an tsuim chuitimh atá le híoc le húnéir a bhfuil a thalamh ar an ábhar d'ordú ceannaigh éigeantaigh. I láthair na huaire, i gcás nach féidir le páirtithe teacht ar chomhaontú faoi chúiteamh, is é eadránaí, dá ngairtear eadránaí maoine, a chinneann an tsuim. Tarraingítear eadránaithe maoine ó phainéal atá ceaptha ag an gCoiste Tagartha Luachanna Talún, atá comhdhéanta den Phríomh-Bhreitheamh, d'Uachtarán na hArd-Chúirte agus d'Uachtarán an Chumainn Suirbhéirí Cairte, le cabhair ón tSeirbhís Chúirteanna. Níl aon fhormhaoirseacht dhíreach ná aon rialachas díreach ar na headránaithe maoine ag an gCoiste Tagartha ná ag an tSeirbhís Chúirteanna. Mhol an Coimisiún go gcuirfí comhlacht buan tugtha breithiúnas in ionad an tsásra reatha. Bhunófaí an comhlacht sin le reacht, bheadh saineolas aige ar nithe luachála agus bheadh

rialacha trédhearcacha aige maidir le nithe níos imeachta. I bhfianaise na taithí agus an tsaineolais atá aige ar mhaoin a luacháil chun críocha rátála, agus an scála measartha beag gníomhaíochta a bhaineann le díospóidí i ndáil le cúiteamh as orduithe ceannaigh éigeantaigh á gcur san áireamh, mhol an Coimisiún gur chomhlacht a bheadh oiriúnach don fheidhm sin a chomhlíonadh é an Binse Luachála. Féachfaidh an Binse lena bhreitheanna a thabhairt laistigh de shé mhí ó dháta fála na n-iarratas. Cuirfear breithiúnais réasúnaithe, agus tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas um chúiteamh a chinneadh, ar fáil go poiblí ar shuíomh Gréasáin an Bhinse chun treoir a sholáthar do pháirtithe, agus leibhéal méadaithe trédhearcachta á sholáthar dá réir.

Pléitear sa chaibidil deiridh sa tuarascáil ón gCoimisiún le códú na bprionsabail atá ann cheana lena rialaítear an mheastóireacht ar éilimh chúitimh. Cuimsíodh na prionsabail sin i bpáirt in Acht 1919 agus forbraíodh iad ina dhiaidh sin trí chásdlí. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí na prionsabail sin a chódú in Acht lena n-aisghairfí Acht 1919, rud a bheidh ina chéim i dtreo tuilleadh cinnteachta dlíthiúla. Sa dréacht-Bhille ón gCoimisiún, rinneadh na rialacha sin a chuíchóiriú agus a nua-aoisiú, rud a d'fhág go raibh siad níos soiléire agus níos sothuigthe d'úinéirí, d'údaráis fála agus do chomhaltaí an Bhinse Luachála agus ba cheart go simpleofaí leo an próiseas um chúiteamh a chinneadh.

AN CEATHRÚ CLÁR, TIONSCADAL 4: CISTIÚ DLÍTHÍOCHTA TRÍÚ PÁIRTÍ

D'fhoilsigh an Coimisiún Páipéar Comhairliúcháin ar an dlí a bhaineann le cistiú dlíthíochta tríú páirtí an 17 Iúil 2023. Ós rud é gur tharla an ghníomhaíocht sin sa chuid deiridh den bhliain 2022 agus gur lean an comhairliúchán iarteachtach ar aghaidh isteach sa bhliain 2023, ní dhearnadh cur síos uirthi sa Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún don bhliain 2022. Breithnítear sa Pháipéar an dlí maidir le claonchothú agus campháirtíocht, ar dá bharr is neamhdhleathach in Éirinn atá an chuid is mó de shocruithe cistiúcháin dlíthíochta tríú páirtí.

Breithnítear sa Pháipéar freisin cé acu ba cheart nó nár cheart cistiú dlíthíochta tríú páirtí a dhéanamh dleathach agus, dá ndéanfaí dleathach é, breithnítear ann conas a d'fhéadfaí é a dhéanamh dleathach agus a rialáil. Fadaíodh an glao ón gCoimisiún le haghaidh aighneachtaí go dtí an 15 Nollaig 2023. Faoi dheireadh na tréimhse comhairliúcháin sin, fuair an Coimisiún 24 aighneacht i scríbhinn ó gheallsealbhóirí éagsúla.

Sa bhliain 2024, déanfaidh an Coimisiún anailís agus breithniú ar na haighneachtaí sin agus cuirfidh sé tús le forbairt a dhéanamh ar na moltaí uaidh le haghaidh athchóiriú an réimse sin, ar moltaí iad a chuireofar sa tuarascáil uaidh.

AN CÚIGIÚ CLÁR, TIONSCADAL 2: CREAT RIALÁLA LE HAGHAIDH CUMHDACH AOSACH

Sa bhliain 2023, leanadh den obair ar dhul i ndáil chomhairle le geallsealbhóirí agus ar dhréachtú a dhéanamh ar an tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal Tuarascáil ar Chreat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach, rud a fhoilseofar i mí Aibreáin 2024. Mionsonrófar sa Tuarascáil creat reachtúil beartaithe le haghaidh cumhdach aosach. Baintear leas inti as taighde fairsing agus anailís fairsing ar an dlí agus beartas intíre atá ann cheana; as athbhreithniú cuimsitheach ar chreataí

reachtacha um chumhdach aosach i ndlínsí eile; agus as faisnéis a gnóthaíodh ó chomhairliúcháin. Rinne an Coimisiún caidreamh le rialálaithe, le comhlachtaí gairmiúla, le ranna iomchuí rialtais, le heagraíochtaí um chearta an duine, le comhlachtaí tathanta, le grúpaí ionadaíocha agus le gairmithe ar fud earnálacha éagsúla le linn a phróisis fhairsing comhairliúcháin.

Pléifear sa Tuarascáil an gá le creat uileghabhálach cumhdaigh in Éirinn, rud lena molfar dualgais agus oibleagáidí chun cosc a chur ar dhochar d'aosaigh a dteastaíonn tacaíocht uathu chun iad féin a chosaint ar dhochar ("aosaigh atá i mbaol"), agus chun freagairt do dhochar dóibh. I láthair na huaire, níl ach cumas teoranta ag comhlachtaí reachtúla chun idirghabháil a dhéanamh i gcás go bhfuil aosach atá i mbaol i mbaol mí-úsáide nó faillí, rud is féidir a fheiceáil i roinnt teagmhas a tharla san fhiche bliain atá imithe thart. Ina measc sin bhí mainneachtainí cúraim ag Leas Cross, ag Áras Attracta agus i gcás 'Grace', i gcás 'Brandon' agus i gcás 'Emily'.

Ina fhianaise sin, molfaidh an Coimisiún go dtabharfaí isteach reachtaíocht um chumhdach aosach a mbeidh creat láidir ceartabhunaithe mar bhonn agus thaca aici. Foilseoidh an Coimisiún dhá dhréacht-Bhille, eadhon an Bille um Aosaigh a Chosaint, 2024, agus an Bille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024. Leis an mBille um Aosaigh a Chosaint, 2024, féachfar le creat reachtúil agus rialála a bheidh cuimsitheach agus a bheidh i bhfeidhm ar bhonn trasearnála a sholáthar. Beidh an creat ina chreat ceartabhunaithe agus féachfar leis le haosaigh atá i mbaol a chumhachtú chun iad féin a chosaint ar dhochar. Díreofar leis ar gach cineál mí-úsáide a chosc agus ar chumhdach ina n-aghaidh, agus cheanglófaí leis ardchaighdeáin cumhdaigh aosaigh a chur chun cinn, a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Sa Bhille um an Dlí Coiriúil (Cumhdach Aosach), 2024, molfar go dtabharfaí isteach cionta nua a bheidh ceaptha chun na caighdeáin cumhdaigh aosaigh is airde a chur chun cinn agus chun iompraíocht mí-úsáide, dúshaothraithe agus fhaillitheach a dhíspreagadh. Le tabhairt isteach na gcionta sin, dhéanfaí coir de raon iompraíochtaí comhéigineacha agus dúshaothraithe, amhail "cuacháil", rud a tharlaíonn nuair a dhéanann duine cairdeas le haosach atá i mbaol agus a thagann sé nó sí i gceannas ar theach an aosaigh atá i mbaol chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a dhéanamh nó chun gabháil d'iompraíocht fhrithshóisialta.

Cuíchóiriú an Cúigiú Clár um Athchóiriú an Dlí

Chuir an Coimisiún tús le hobair ar an gCúigiú Clár reatha um Athchóiriú an Dlí uaidh, rud ar cheadaigh an Rialtas é an 20 Márta 2019. Áirítear leis 15 thionscadal ar fud raon leathan príomhréimsí dlí. Áirítear leo sin: na cúirteanna; an dlí poiblí agus an ré dhigiteach; an dlí coiriúil agus an nós imeachta coiriúil; an dliteanas sibhialta agus an nós imeachta sibhialta; an fhianaise; an dlí teaghlaigh; agus an dlí talún. Tá bailchríoch á cur aige freisin ar obair a d'eascair as an gCeathrú Clár um Athchóiriú an Dlí uaidh, rud ar cheadaigh an Rialtas é i mí Dheireadh Fómhair 2013. Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair chun tionscadal deiridh amháin ón gCeathrú Clár a chur i gcrích. Baineann an tionscadal sin le Díspeagadh Cúirte agus Cionta agus Toirt Eile lena mBaineann Riaradh an Cheartais agus leathnaíodh é chun athbhreithniú ar Chistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí a chur ar áireamh.

Le linn shamhradh na bliana 2023, breis agus ceithre bliana tar éis thús an Cúigiú Clár, rinne an Coimisiún, le toiliú ón Ard-Aighne, athbhreithniú ar na tionscadail a bhí fágtha ar an gClár sin agus ar an gCeathrú Clár. Ba é cuspóir an athbhreithnithe sin ná a shuí cé acu a bheadh nó nach mbeadh an méid seo a leanas fíor i gcás na dtionscadal eile dá ngabhfaí de láimh iad:

- (a) bheadh siad tábhachtach agus ábhartha agus d'fhreagrófaí leo ar fhíorghá poiblí;

- (b) bheadh siad ina n-úsáid stuama as acmhainní: (i) nach bhforluífeadh ar obair aon chomhlachta eile; ná (ii) nach ndíreodh acmhainní ganna an Choimisiúin an iomarca ar an aon tionscadal amháin ar feadh tréimhse ama mhíchuí.

Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndeachaigh teagmhais eile ó cheadú an Cúigiú Clár ar leith chun tosaigh ar roinnt de na tionscadail sin, agus d'aontaigh an tArd-Aighne leis an gconclúid sin. Dá réir sin, ní bheadh sé stuama a thuilleadh acmhainní an Choimisiúin a chaitheamh ar thuilleadh oibre a dhéanamh ar na réimsí sin. Is iad seo a leanas na tionscadail ar scoireadh díobh:

Tionscadal	Cúis ar scoireadh den tionscadal
An Cúigiú Clár , Tionscadal 4, Gearradh Struchtúrtha Pianbhreitheanna	Chuaigh an Coiste um Threoirlínte agus Faisnéis maidir le Gearradh Pianbhreitheanna ar bhunaigh Comhairle na mBreithiúna é faoi alt 23 den Acht um Chomhairle na mBreithiúna, 2019, chun tosaigh air.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 6, Mionnú Éithigh	Chuaigh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara), 2021, chun tosaigh air.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 8, Rialáil na Coinneála i gCoimeád an Gharda Síochána	Chuaigh Scéim Ghinearálta Bhille an Gharda Síochána (Cumhachtaí) chun tosaigh air.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 11, Dlíteanas Óstán agus Bunaíochtaí Gaolmhara	Aistríodh an comhthéacs beartais i dtreo díriú níos mó ar ligean ar cíos gearrthéarmach a rialáil, rud a bhfuil aghaidh le tabhairt air i bpáirt ag tograí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Féach freisin Scéim Ghinearálta an Bhille um Chlárú Ligean ar Cíos Gearrthéarmach do Thursóirí, 2022.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 13, Gnéithe de Dhlí na Fianaise (Pribhléid agus Fianaise Droch-Charachtair)	Cé go bhfuil gnéithe d'athbhreithniú mórsála an Choimisiúin ar dhlí na fianaise (<i>Tuarascáil: Comhdhlúthú agus Athchóiriú Gnéithe de Dhlí na Fianaise</i> (LRC 117-2016)) amuigh fós, ní mheastar tuilleadh oibre ar ghnéithe scoite de dhlí na fianaise a bheith ina úsáid éifeachtach as acmhainní an Choimisiúin.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 14, Gnéithe den Dlí Teaghlaigh (Foráil Chuí maidir le Colscaradh agus leis sin amháin)	I bhfianaise na srianta acmhainnithe, na dtosaíochtaí agus na gceangaltas reatha atá ag an gCoimisiún, leagfar díriú ina ionad sin ar an ngné den tionscadal a bhaineann le haithint colscarthaí coigríche.
An Cúigiú Clár , Tionscadal 15, Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha (Éasúintí Forordaitheacha agus iad sin amháin)	Chuaigh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2021, chun tosaigh air.

De bhreis air sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart roinnt tionscadal ón gClár, agus cuid de thionscadal amháin ón gCeathrú Clár, a chur ar sos d'fhonn tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu ag tráth níos déanaí. Is iad seo a leanas na tionscadail atá ar sos agus nach bhfuil á mbreithniú faoi láthair:

Tionscadal	Cúis ar cuireadh an tionscadal ar sos
<p>An Ceathrú Clár, Tionscadal 4, Díspeagadh Cúirte agus Cionta agus Toirt Eile lena mBaineann Riaradh an Cheartais</p>	<p>Go ceann scaithimh, tabharfar tús áite don ghné den tionscadal seo a bhaineann le Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí, agus déanfaidh an Coimisiún athmhachnamh ag tráth níos déanaí ar an ngné a bhaineann le díspeagadh cúirte.</p>
<p>An Cúigiú Clár, Tionscadal 5, Comhdhlúthú agus Athchóiriú Cionta Gnéasacha</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. Maidir leis an ngné den tionscadal seo a bhaineann le comhdhlúthú, theastódh méid suntasach d'acmhainní an Choimisiúin ina leith go ceann roinnt blianta ar a laghad agus bheadh baol ann go ndéanfaidh sí difear díreireach do chumas an Choimisiúin chun tionscadail eile a ghabháil de lámh agus a chur i gcrích. 2. Maidir le roinnt athchóirithe sa réimse seo, tá siad á mbreithniú faoi láthair nó cuireadh i gcrích iad sna blianta beaga atá imithe thart. <p>Áirítear leo sin, mar shampla:</p> <ul style="list-style-type: none"> ○ roinnt athchóirithe a bhaineann le gníomhaíocht ghnéasach le leanaí agus le daoine faoi chosaint san Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, i measc topaicí eile; ○ an tabhairt isteach pianbhreitheanna sainordaitheacha toimhdean áirithe leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2019; ○ an tabhairt isteach tacar cionta a bhaineann le híomhánna dlúthphearsanta leis an Acht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara, 2020; ○ an tabhairt isteach

	<p>réamhéisteachtaí trialach leis an Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 2021;</p> <p>an leasú beartaithe ar dhlí an éignithe agus ar roinnt gnéithe den nós imeachta trialach coiriúla i gcásanna cionta gnéasacha leis an mBille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2023.</p>
<p>An Cúigiú Clár, Tionscadal 3, An Phríobháideacht agus an Teicneolaíocht sa Ré Dhigiteach</p>	<p>Is tionscadal an-leathan agus fadréimseach é an tionscadal seo mar atá beartaithe. Dá gcuirfí an tionscadal seo i gcrích mar atá beartaithe, d'ídeodh sé méid suntasach d'acmhainní an Choimisiúin go ceann roinnt blianta, rud a rachadh chun aimhleasa do thionscadail eile. Dá réir sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fhorbairtí sa réimse seo chun a shuí an bhféadfaí nó nach bhféadfaí tionscadal atá níos scoite agus níos féinchuimsithí ar théama na príobháideachta, na teicneolaíochta agus na ré digití go ginearálta a ghabháil de lámh.</p>
<p>An Cúigiú Clár, Tionscadal 10, Orduithe Cosantacha Costas</p>	<p>Cuireadh ar sos é go dtí go bhfaighfí an toradh ar an Athbhreithniú ar an Scéim um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta atá á dhéanamh ag an nGrúpa Athbhreithnithe um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta.</p>

Fágann sé sin na tionscadail seo a leanas, arb ionann iad agus ualach oibre gníomhach agus réamh-mheasta an Choimisiúin idir an gearrthéarma agus an meántéarma:

- An Ceathrú Clár, Tionscadal 4, Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí;
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 1, Comhlachtaí Tugtha Breithiúnas nach Cúirteanna iad agus Achomhairc chun na gCúirteanna;
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 2, Creat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach;
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 7, Íospartaigh na Coireachta a Chúiteamh;
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 12, Dliteanas Comhlachas Neamhchorpraithe;
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 14, Gnéithe den Dlí Teaghlaigh (Aithint Colscarthaí Coigríche agus í sin amháin);
- An Cúigiú Clár, Tionscadal 15, Gnéithe den Dlí Talún agus Tíolactha (Seilbh Chodarsna agus í sin amháin).

Córas Ceannaigh Dhinimiciúil a Bhunú le haghaidh Saineolas Taighde Dlí

I mí Dheireadh Fómhair 2023, sheol an Coimisiún Córas Ceannaigh Dhinimiciúil le haghaidh Saineolas Taighde Dlí. Leis an gCóras, lorgaítear tairiscintí uathu sin a bhfuil saineolas acu ar cheann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

1. Eolas ar reachtaíocht, lena n-áirítear dréachtú reachtaíochta, anótáil agus comhdhlúthú reachtaíochta, agus athbhreithniú an dlí reachtaigh;
2. An dlí poiblí;
3. An dlí tráchtála;
4. An dlí sibhialta;
5. An dlí coiriúil agus díspeagadh cúirte;
6. Dlí an Aontais Eorpaigh.

Measann an Coimisiún go gcabhróidh an córas nua seo leis saineolas seachtrach a fhoinsiú ar bhealach níos freagrúla agus níos dinimiciúla de réir mar a thagann riachtanais taighde chun cinn le linn éabhlóid a thionscadal.

An Scéim Intéirneachta Rochtana Taighde Dlí

Triailleadh Scéim Intéirneachta Rochtana an Choimisiúin sa bhliain 2021 agus ceadaíodh go foirmiúil í mar Scéim bhliantúil sa bhliain 2022. Leathnaíodh an Scéim sa bhliain 2023 chun oibriú i gcomhpháirt le hOifig an Ard-Aighne, le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Leis an ngníomhaíocht ríthábhachtach for-rochtana sin, tairgtear deiseanna íoctha taithí oibre, rud lena gcabhraítear le rochtain mhéadaithe a chothú ar dheiseanna gairme sa dlí. Chuir an Coimisiún fáilte ar leith roimh leathnú na Scéime seo chuig timpeallachtaí eile dlí ionas go mbeifear in ann líon méadaithe deiseanna inrochtana intéirneachta a thairiscint gach bliain agus chun deiseanna intéirneachta a chur ar fáil i gcineálacha difriúla timpeallachta dlí laistigh den earnáil phoiblí.

Cur chun feidhme na dtograí ón gCoimisiún sa bhliain 2023

Déanann an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na moltaí uaidh agus taifeadann sé forbhreathnú ginearálta i [dtábla cur chun feidhme](#) ar a shuíomh Gréasáin ag www.lawreform.ie. Tagann formhór mór na dTuarascálacha ón gCoimisiún chun bheith curtha chun feidhme trí reachtaíocht a gcuireann an Rialtas chun cinn í. Ó am go ham, foilsítear Billí Comhaltaí Príobháideacha d'fhonn na dréacht-Bhillí a fhoilsiú i dTuarascálacha ón gCoimisiún. I gcás go dtabharfaidh an Rialtas le fios go bhfuil sé beartaithe aige Bille a fhoilsiú ar an ábhar, ní gnách go rachaidh Bille Comhaltaí Príobháideacha níos faide ná an Dara Céim. Mar mhalairt air sin, is féidir go dtabharfaidh an Rialtas le fios go bhfuil sé i bhfách leis an mBille Comhaltaí Príobháideacha agus go rachaidh an Bille trí na céimeanna ina dhiaidh sin agus go n-achtófar é. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún Billí Comhaltaí Príobháideacha ar áireamh san anailís uaidh ar chur chun

feidhme na moltaí uaidh. Is féidir freisin go n-úsáidfear na moltaí ón gCoimisiún mar bhonn do mhíreanna i bpleananna gníomhaíochta ón Rialtas nó do mholtaí ó ghrúpaí athbhreithniúcháin arna gceapadh ag an Rialtas chun reachtaíocht a fhorbairt. Dá bhrí sin, cuirtear tagairtí i bpleananna gníomhaíochta ón Rialtas agus i dtuarascálacha ó ghrúpaí athbhreithniúcháin ar áireamh sa tábla cur chun feidhme freisin. Léirítear sa tábla thíos na míreanna ón tábla cur chun feidhme foriomlán a bhaineann le cur chun feidhme nó cur chun feidhme beartaithe na moltaí ón gCoimisiún sa bhliain 2023.

Teideal na Tuarascála	Faisnéis faoi Chur Chun Feidhme
Tuarascáil ar Phianbhreitheanna ar Fionraí LRC 123-2020	An Plean Gníomhaíochta 2022 ón Roinn Dlí agus Cirt, gníomh 45: Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí mar mhalairt rogha ar phianbhreitheanna ar fionraí do leanaí agus reachtaíocht a fhorbairt le foráil a dhéanamh do na roghanna sin.
Tuarascáil ar Áitribh Lochtacha LRC 3-1982	An Bille um Theaghaisí Lochtacha, 2021 [cuireadh an díospóireacht dara céim ar siúl an 9 Samhain 2023]
Tuarascáil ar Eolas nó Tuairim maidir le Toiliú sa Dlí um Banéigean LRC 122-2019	An Bille um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha agus Gáinneáil ar Dhaoine), 2023 [cuireadh an díospóireacht dara céim ar siúl an 4 Deireadh Fómhair 2023]
Tuarascáil ar Phribhléid do Thuarascálacha ar Imeachtaí Cúirte faoin Acht um Chlúmhilleadh, 2009 LRC 121-2019	Ceann 12 de Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille um Chlúmhilleadh (Leasú) (a foilsíodh an 28 Márta 2023)
Tuarascáil ar Dhliteanas Áititheoirí LRC 46-1994	An tAcht um Chúirteanna agus an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023 (a mhéid a leasaítear leis an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995)
Tuarascáil ar Phianbhreitheanna Éigeantacha LRC 108-2013	An tAcht um Cheartas Coiriúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 2023

CAIBIDIL 3

OBAIR I RÉIMSE NA ROCHTANA AR REACHTAÍOCHT SA BHLIAIN 2023

RÉAMHRÁ

Faoi mar a tharlaíonn in áiteanna eile sa saol nua-aimseartha, is minic a leasaítear reachtaíocht in Éirinn. Mar sin, is féidir go dtiocfaidh athrú suntasach le himeacht ama ar reachtaíocht achtaithe. Is é an aidhm atá le hobair an Choimisiúin i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht ná úsáideoirí a éascú an dlí a aimsiú ina staid reatha seachas ina staid bhunaidh. Soláthraíonn an Coimisiún trí phríomhacmhainn chun an cuspóir sin a bhaint amach: an tEolaire Reachtaíochta; Achtanna Athbhreithnithe; agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta.

Is é atá san Eolaire Reachtaíochta ná bunachar sonraí ar líne lena gcumasaítear d'úsáideoirí Leabhar Reachtanna na hÉireann a shainaithint cé acu a leasaíodh nó nár leasaíodh Acht nó Ionstraim Reachtúil ar leith, nó cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon difear eile dó nó di, ó achtaíodh an tAcht nó an Ionstraim Reachtúil ar dtús.

Nuashonraíodh an tEolaire Reachtaíochta ar bhonn seachtainiúil le linn na bliana 2023.

Déanann an Coimisiún Achtanna Athbhreithnithe a tháirgeadh agus a fhoilsiú freisin, ina léirítear san aon doiciméad amháin na leasuithe uile a rinneadh ar gach Acht leasaithe, agus nótaí mínithe iomlána ann. Cumasaíonn sé sin don léitheoir amharc ar an Acht mar atá faoi láthair, ar fhaisnéis faoi leaganacha roimhe sin, ar na forálacha nó na leasuithe a tosaíodh agus cén uair a tosaíodh iad, agus ar na forálacha nó na leasuithe nár tosaíodh iad go fóill. Chuir an Coimisiún breis agus 40 Acht Athbhreithnithe eile leis an liosta sa bhliain 2023, rud a d'fhág go raibh níos mó ná 490 Acht Athbhreithnithe cothrom le dáta ag deireadh na bliana.

Is é atá sa Liosta Aicmithe ná liosta Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm go fóill (mar sin, ní áirítear leis an liosta Achtanna aisghairthe ná Ionstraimí Reachtúla cúlghairthe), agus iad aicmithe faoi 36 cinn de cheanteidil nó teidil ábhair agus sainaitheanta de réir Roinn Rialtais iomchuí. Is gnách go bhfoilsítear reachtaíocht in ord croineolaíoch, seachas de réir ábhair. Cumasaítear leis an Liosta Aicmithe don úsáideoir breis agus 2,000 Acht atá i bhfeidhm agus breis agus 15,000 Ionstraim Reachtúil atá i bhfeidhm a chuardach de réir ábhair. Nuashonraíodh an Liosta Aicmithe ar bhonn seachtainiúil le linn na bliana 2023.

Thosaigh an Coimisiún ag obair ar cheathrú hacmhainn sa bhliain 2019, ba é sin an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil réamh-1922. Sa bhliain 2023, ba é a bhí i gceist leis an obair sin ná a scrúdú cé na píosaí reachtaíochta tánaistí a rinneadh idir na blianta 1821 agus 1922 ar cheart iad a chúlghairm nó a choinneáil. Tabharfaidh sé sin cinnteacht thábhachtach maidir leis an ngné sin de stoc reachtach an Stáit.

AN tEOLAIRE REACHTAÍOCHTA

Déanann an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta a chothabháil. Foilsítear an tEolaire ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann, rud a ndéanann Oifig an Ard-Aighne é a óstáil agus a bhainistiú. San Eolaire Reachtaíochta, leagtar éifeachtaí na bpíosaí nua reachtaíochta uile ar an reachtaíocht atá ann cheana amach i dtáblaí a bhaineann le gach Acht. Mar shampla, chun amharc ar na hathruithe uile a rinneadh ar an *Acht Comharbais, 1965*, ó achtaíodh é, is féidir leis an úsáideoir Acht 1965 a aimsiú ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann agus cliceáil ar an táb “Leasuithe, Tosach Feidhme agus Ionstraimí Reachtúla a rinneadh faoin Acht” chun na leasuithe uile a rinneadh ar an Acht ón mbliain 1965 i leith a fheiceáil.

Áirítear leis an Eolaire Reachtaíochta táblaí le haghaidh Achtanna réamh-1922 atá i bhfeidhm go fóill. Áirítear leis an Eolaire freisin táblaí iomlána le haghaidh ionstraimí reachtúla agus éifeachtaí reachtacha a rinneadh le hionstraimí reachtúla ón dáta reatha siar go dtí an 1 Eanáir 1972. Is neamhiomlán atá na táblaí roimh an dáta sin. Níl sé beartaithe faoi láthair an tEolaire Reachtaíochta a leathnú chun go n-áireofar leis ionstraimí reachtúla a rinneadh roimh an mbliain 1972.

Nuashonraíodh an tEolaire Reachtaíochta gach seachtain sa bhliain 2023.

ACHTANNA ATHBHREITHNITHE

Déanann an Coimisiún leaganacha comhdhlúite riaracháin de líon méadaitheach Achtanna, dá ngairtear Achtanna Athbhreithnithe, a ullmhú agus a nuashonrú. Chuir an Coimisiún 40 Acht Athbhreithnithe eile leis an liosta sa bhliain 2023, rud a d’fhág go bhfuil níos mó ná 490 Acht Athbhreithnithe cothrom le dáta anois (seachas 11 cheann eile a aisghaireadh). Is é atá i leath na nAchtanna sin, beagnach, ná Achtanna a achtaíodh ón mbliain 2004 ar aghaidh agus a ndearnadh leasuithe ar a dtéacs ina dhiaidh sin (amhail *Acht na gCuideachtaí, 2014*, agus an *tAcht um Chosaint Sonraí, 2018*). Ní áirítear leo Achtanna Airgeadais ná an *tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005*, dá bhfuil Acht Athbhreithnithe á ullmhú faoi láthair, mar atá luaite thíos. Is Achtanna roghnaithe réamh-2004 iad na hAchtanna Athbhreithnithe eile, agus áirítear leo grúpaí amhail an dlí fostaíochta, an dlí leanaí, an dlí teaghlaigh, agus na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre. Áirítear leo na hAchtanna is mó úsáid, amhail an *tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961*, an *tAcht Comharbais, 1965*, *Acht na gComhphobal Eorpach, 1972*, an *tAcht um Cheartas Coiriúil, 1984*, an *tAcht um Rialú Foirgníochta, 1990*, *Achtanna na nArm Tine, 1925 go 2007*, agus an *tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000*. Cabhraíonn obair an Choimisiúin ar an Eolaire Reachtaíochta leis na hAchtanna Athbhreithnithe a ullmhú.

Nuashonraítear na hAchtanna Athbhreithnithe laistigh de mhí amháin nó dhó ó leasaíodh iad agus foilsítear ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin iad. Nasctar leo ar bhonn aonair ón Acht bunaidh iomchuí ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann. Féadfar iad a

thaispeáint de réir ailt agus de réir Acht iomlán i bhformáid HTML, agus nótaí mínithe ann, nó féadfar iad a thaispeáint de réir Acht iomlán i bhformáid PDF, agus nótaí mínithe ann nó gan aon nótaí mínithe. Áirítear leis na nótaí mínithe foinsí aon athruithe agus faisnéis faoi thosach feidhme. Ullmhaíodh breis agus 300 athbhreithniú ar Achtanna Athbhreithnithe laistigh de dhá mhí ó leasaíodh iad sa bhliain 2023, ar lena linn a nuashonraíodh an t-aon Acht amháin roinnt uaireanta i gcásanna áirithe.

Is féidir amharc orthu sin ag <http://revisedacts.lawreform.ie/revacts/alpha>

Lean an Coimisiún le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2023 d'fhonn leagan athbhreithnithe den *Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005*, a ullmhú agus a fhoilsiú. Is é a bheidh san Acht Athbhreithnithe sin ná na leasuithe uile a rinneadh ar Acht 2005 ón mbliain 2005 i leith i 26 cinn d'Achtanna Leasa Shóisialaigh (Leasú) agus, ar bhonn níos lú, i 14 cinn eile d'Achtanna den Oireachtas. Áireofar leis an Acht Athbhreithnithe freisin mionsonraí eagarthóireachta faoi na céadta ionstraimí reachtúla a rinneadh faoi Acht 2005 nó a rinneadh faoi reachtaíocht níos luaithe agus a coinníodh i bhfeidhm faoi alt 362(2) d'Acht 2005.

Tá an obair sin á déanamh ag oifigeach sinsearach sa Roinn, agus an Lámhleabhar Oibriúcháin ón gCoimisiún maidir le hAchtanna Athbhreithnithe a Ullmhú á chomhlíonadh. Ós rud é go bhfuil an obair atá i gceist á déanamh ag ball foirne reatha den Roinn agus ag baill foirne reatha an Choimisiúin, ní shamhlaítear go dtiocfaidh aon chostais bhreise chun cinn as an tionscadal seo. Tá an Roinn agus an Coimisiún araon den tuairim go mbeidh an-fhiúntas ag baint leis an Acht Athbhreithnithe nuair a bheidh sé réidh agus go gcinnteofar leis an Acht sin go mbeidh an corp dlí leasa shóisialaigh níos inrochtana agus go mbeifear in ann é a choinneáil cothrom le dáta sa todhchaí. Táthar ag súil leis anois go mbeidh an tAcht Athbhreithnithe réidh sa bhliain 2024. Cuirfear é ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin agus ar shuíomh Gréasáin na Roinne trí Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann ansin.

BUNACHAR SONRAÍ AN LIOSTA AICMITHE REACHTAÍOCHTA

Déanann an Coimisiún Liosta Aicmithe den Reachtaíocht atá i bhFeidhm a chothabháil, rud ina bhfuil breis agus 2,000 Acht agus breis agus 15,000 Ionstraim Reachtúil, agus iad eagraithe faoi 36 cinn de cheannteidil nó teidil ábhair. Tá reachtaíocht ar fáil don phobal faoi láthair san ord ina ndearnadh í agus tá sí liostaithe go croineolaíoch de réir uimhreach ar Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair do dhlíodóirí, do chomhlachtaí eanála poiblí agus don phobal a shuí cé na hAchtanna éagsúla lena bpléitear le hábhar amhail an dlí comhshaoil, an dlí rialtais áitiúil nó an dlí teaghlaigh. Is acmhainn úsáideach é an Liosta Aicmithe ina leith sin, toisc go ngrúpáiltear na hAchtanna le chéile de réir ábhair ann. Tá an Liosta Aicmithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin. Tá nasc chuig an Liosta Aicmithe le fáil ar leathanach baile Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann.

Tugtar an Liosta Aicmithe cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil, agus leas á bhaint as faisnéis chomhtháite ón obair a dhéanann an Coimisiún ar an Eolaire Reachtaíochta i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht.

AN CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ REACTÚIL RÉAMH-1922

Agus tacaíocht faighte aige ó Oifig an Ard-Aighne, chuir an Coimisiún tús le taighde sa bhliain 2019 chun eilimintí áirithe atá fágtha den Chlár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a chríochnú. Tosaíodh le haschur a sholáthar faoin gClár reatha um Athchóiriú an Dlí Reachtúil díreach tar éis achtú an *Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (Réamh-1922)*, 2005. Ag gníomhú dó faoi chúig Acht Athbhreithnithe eile a achtaíodh idir na blianta 2007 agus 2016, d'éirigh leis an gClár slacht suntasach a chur ar leabhar reachtanna na hÉireann, go háirithe tríd an reachtaíocht réamh-1922 agus iar-1922 atá as feidhm a aisghairm agus trí liostaí críochnaitheacha de na hAchtanna poiblí, áitiúla agus príobháideacha réamh-1922 a coinníodh a sholáthar araon. Thug an obair sin soiléire thábhachtach maidir leis an méid reachtaíochta príomha réamh-1922 atá i bhfeidhm go fóill sa Stát.

Baineadh leibhéal comhchosúil soiléire amach maidir leis an reachtaíocht thánaisteach réamh-1922 (dá ngairtear ionstraimí reachtúla anois) a rinneadh suas go dtí an bhliain 1820. Cúlghaireadh leis an *Acht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil*, 2015, na hionstraimí uile a rinneadh roimh an 1 Eanáir 1821, seachas líon teoranta ionstraimí a coinníodh faoin sceideal a ghabhann leis an Acht sin. Is é atá i gceist leis an obair atá ar bun ag an gCoimisiún faoin gClár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil a tosaíodh sa bhliain 2019 ná scrúdú a dhéanamh ar na píosaí reachtaíochta tánaistí a rinneadh idir na blianta 1821 agus 1922 d'fhonn a chinneadh cé na píosaí ar cheart iad a chúlghairm nó a choinneáil. Is é an toradh deiridh a bheidh ar an gcéad chuid den obair sin ná go n-achtófar Bille lena bpléifear le hionstraimí a rinneadh idir na blianta 1821 agus 1860. Tá Cinn Bhille don tréimhse sin i seilbh Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte faoi láthair. Cuireadh tús ag deireadh na bliana 2023 le hobair ar an tráinse deiridh de reachtaíocht thánaisteach. Beidh Bille eile ag teastáil chun plé leis an ábhar a rinneadh idir na blianta 1861 agus 1922. Agus iad achtaithe, tabharfar leis na Billí sin léargas cuimsitheach ar an reachtaíocht thánaisteach réamh-1922, rud lena gcomhlánófar an léargas cuimsitheach a baineadh amach cheana féin trí obair an Chláir ar na hAchtanna réamh-1922.

CAIBIDIL 4

TACAÍOCHT RIARACHÁIN AGUS TAIGHDE SA BHLIAIN 2023

RÉAMHRÁ

Soláthraíonn foireann bheag riaracháin an Choimisiúin seirbhísí corparáideacha riaracháin agus gnó atá éifeachtach, nua-aimseartha agus gairmiúil don Choimisiún chun tacú leis an gCoimisiún na cuspóirí atá aige a chomhlíonadh. Áirítear leo sin seirbhísí tacaíochta gnó amhail bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais, tacaíocht dlí agus chorparáideach, agus tacaíocht teicneolaíochta faisnéise.

Déanann an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise leabharlann chlóite agus ar líne agus acmhainní faisnéise dlí an Choimisiúin a bhainistiú, a athbhreithniú agus a fhorbairt agus soláthraíonn sí acmhainní reatha feasachta agus oiliúna don fhoireann taighde dlí. Déanann sí an réimse 'cuardaigh na foilseacháin uainn' de shuíomh Gréasáin an Choimisiúin a chothabháil freisin.

Tá struchtúr eagraíochta an Choimisiúin (amhail mí na Nollag 2023) leagtha amach in Aguisín A.

AN COIMISIÚN

Cuimsíonn an Coimisiún an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí eile. Is é an Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma cúig bliana ar a mhéad, agus féadfar a gceapachán a athnuachan. Rinneadh an Breitheamh Onórach Frank Clarke, iar-Phríomh-Bhreitheamh, a cheapadh mar Uachtarán ar an gCoimisiún an 12 Iúil 2022 ar feadh téarma cúig bliana. Maidir leis an gceathrar Coimisinéirí eile, ba é an cleachtas go dtí seo ná Coimisinéir amháin a cheapadh ar bhonn lánaimseartha agus an triúr Coimisinéirí eile a cheapadh ar bhonn páirtaimseartha. Ceapadh an tUas. Richard Barrett mar Choimisinéir lánaimseartha i mí Aibreáin 2022 ar feadh téarma ceithre bliana. Cheap an Rialtas na Coimisinéirí seo a leanas ar feadh téarma cúig bliana. Ceapadh an Breitheamh Onórach Maurice Collins, breitheamh den Chúirt Achomhairc ag an am, agus an Dr Andrea Mulligan BL, Ollamh Cúnta le Dlí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Ceapadh an Breitheamh Onórach Niamh Hyland, breitheamh den Ard-Chúirt, an 14 Bealtaine 2021.

Tá an Coimisiún freagrach mar chomhlacht as na feidhmeanna reachtúla atá aige faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, a chomhlíonadh. Áirítear leis na feidhmeanna sin

dlí na hÉireann a choimeád faoi bhreithniú d'fhonn é a athchóiriú. Tagann na nithe seo a leanas faoin míniú ar athchóiriú an dlí faoi Acht 1975: an dlí a fhorbairt, an dlí a chódú, lena n-áirítear an dlí a shimpliú agus a fhreacnairciú, agus reachtaíocht a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú. Ní mór don Choimisiún cláir um athchóiriú an dlí a dhréachtú ó am go ham freisin lena mbreithniú agus lena gceadú ag an Rialtas. Foilsíonn an Coimisiún tograí le haghaidh athchóiriú an dlí sna Tuarascálacha uaidh, a mbíonn dréachtreachtaíocht iontu de ghnáth le haghaidh aon athchóirithe atá beartaithe a chur chun feidhme, tar éis dó dul i ndáil chomhairle maidir leis na tograí sin i bPáipéir Chomhairliúcháin. Déanann an Coimisiún formhaoirseacht ar threo agus inneachar na n-aschur taighde uile uaidh. Is í an fhoireann taighde dlí a fhorbraíonn na haschuir sin i ndréachtfhoirm ar dtús. Maidir le tograí le haghaidh athchóiriú an dlí, is iad na príomh-aschuir ón gCoimisiún ná a chláir um athchóiriú an dlí agus na Páipéir Chomhairliúcháin agus na Tuarascálacha uaidh. Maidir lena chuid oibre i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht, is iad na príomh-aschuir ón gCoimisiún ná an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta, agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtuil réamh-1922. Déanann an Coimisiún formhaoirseacht agus faireachán ar bhreitheanna tábhachtacha riaracháin agus airgeadais freisin, le tacaíocht ón bhfoireann riaracháin agus ón gCoiste Bainistíochta. Tagann an Coimisiún le chéile go foirmiúil mar chomhlacht deich n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana.

AN COISTE BAINISTÍOCHTA

Le linn na bliana 2023, chuimsigh Coiste Bainistíochta an Choimisiúin an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, na Leas-Stiúrthóirí Taighde, an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise, agus na Leas-Bhainisteoirí um Rochtain ar Reachtaíocht. Tagann an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn tráthrialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na mór-shaincheisteanna uile a bhaineann le hoibriú éifeachtúil éifeachtach an Choimisiúin. Ceann amháin de na príomhfhreagrachtaí atá ar an gCoiste is ea faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn ar na spriocanna atá leagtha amach i gclár oibre an Choimisiúin a bhaint amach.

AN FHOIREANN RIARACHÁIN

Amhail mí na Nollag 2023, chuimsigh foireann riaracháin an Choimisiúin Bríd Rogers Uas., an Ceann Riaracháin, agus ceathrar ball foirne.

Bhí freagracht fhoriomlán ar an bhfoireann riaracháin as na nithe seo a leanas le linn na bliana 2023:

- Na hidirbhearta airgeadais uile sa Choimisiún a bhainistiú, a phróiseáil agus a thuairisciú;
- Bonneagar cóiríochta agus bonneagar TF an Choimisiúin a bhainistiú;
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin a bhainistiú, lena n-áirítear próisis earcaíochta a eagrú faoin gceadúnas a fuair an Coimisiún ón gCoimisiún um

Cheapacháin Seirbhíse Poiblí;

- Tacaíocht riaracháin a thabhairt don fhoireann taighde; agus
- Raon éagsúil feidhmeanna riaracháin a chur i gcrích i ndáil le foilseacháin a sheoladh agus i ndáil le Páipéir Chomhairleacha agus Tuarascálacha a fhoilsiú ar líne (agus i ndáil le rith cló teoranta Páipéar Comhairleach agus Tuarascálacha a shocrú).

Chomh maith leis sin, déanann an fhoireann riaracháin socruithe le haghaidh na foilseacháin ón gCoimisiún a dháileadh agus pleanálann agus eagraíonn sí na cúraimí éagsúla a bhaineann leis na foilseacháin ón gCoimisiún a sheoladh. Socraíonn sí seirbhísí bainistíochta ócáidí agus seirbhísí corparáideacha a bhaineann le seoltaí, le seimineáir agus, nuair is iomchuí, leis an gcomhdháil bhliantúil freisin.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Is é an príomhról atá ag leabharlann an Choimisiúin ná na riachtanais faisnéise a bheidh ag na Coimisinéirí agus ag foireann taighde an Choimisiúin le hacmhainní agus seirbhísí leabharlainne a réamh-mheas agus freagairt do na riachtanais sin.

Le linn na bliana 2023, d'oibrigh an Bainisteoir Leabharlainne agus Faisnéise i gcomhar le soláthraithe chun a chinntiú go mbeadh rochtain leantach ag an bhfoireann ar bhailiúchán leathan acmhainní ar líne agus d'fhéach sí le feabhas a chur ar an mbailiúchán clóite ar an láithreán. Éascaíodh rochtain bhreisithe ar acmhainní ar líne do bhaill foirne agus iad ag obair as láithreán trí líonra príobháideach fíorúil a thabhairt isteach chun rochtain iomlán ar na hacmhainní leictreonacha uile a chumasú.

Forlíonadh na hacmhainní seachtracha sin le suíomh Gréasáin inmheánach nua feasachta reatha agus leis an oiliúint grúpa a reáchtáladh ar na seirbhísí éagsúla a sholáthraíonn an leabharlann.

AN FHOIREANN TAIGHDE

Is é an príomhról atá ag an bhfoireann taighde ná dréacht-téacsanna a fhorbairt lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Áirítear leis an obair sin Páipéar Scóipe tosaigh a ullmhú do thionscadal ar leith, rud ina leagtar amach paraiméadair na réimsí lena mbaineann. Is é atá i gceist leis na céimeanna ina dhiaidh sin den tionscadal ná dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin (dár gaireadh Páipéir Saincheisteanna idir na blianta 2013 agus 2020) agus dréacht-Tuarascálacha a fhorbairt.

Bhí an fhoireann taighde um athchóiriú an dlí faoi cheannas ag Rebecca Coen, Stiúrthóir Taighde an Choimisiúin, ag Robert Noonan, Leas-Stiúrthóir Taighde, agus ag Leanne Caulfield, Leas-Stiúrthóir Taighde, sa bhliain 2023. D'éirigh Rebecca Coen as i mí Mheán Fómhair 2023 agus ceapadh Siobhán Ní Chúlachain BL mar Stiúrthóir Taighde i mí na Nollag 2023. Den deichniúr taighdeoirí dlí atá ceadaithe, tá ceathrar fostaithe ar chonarthaí buana agus tá seisear fostaithe ar chonarthaí téarma shocráithe.

Bhí obair an Choimisiúin i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe, an Liosta Aicmithe Reachtaíochta agus an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtuil) faoi fhorghairseacht ag Alma Clissmann, Aturnae agus an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, agus ag Kate Doran BL, an Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, sa bhliain 2023. Mar a luadh cheana féin, thosaigh an Coimisiún ag obair sa bhliain 2023 ar thionscadal trí bliana um Athchóiriú an Dlí Reachtuil, rud a bhaineann le hionstraimí reachtúla réamh-1922. Tá an tionscadal á bhainistiú ag Matthew Doncel, le cúnamh ó bheirt taighdeoirí dlí atá fostaithe ar chonarthaí téarma shocraithe.

Le tacaíocht ó na Leas-Stiúrthóirí Taighde, stiúran agus bainistíonn an Stiúrthóir Taighde an fhoireann taighde um athchóiriú an dlí agus tugann sí comhairle agus cúnamh do na taighdeoirí d'fhonn aschur cuí agus cáilíocht chuí oibre a dhearbhu. Áirítear leis sin taighde cúlra ginearálta a dhéanamh, Páipéir Scóipe a ullmhú agus dréacht-doiciméid, dréacht-Pháipéir Chomhairliúcháin agus dréacht-Tuarascálacha a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Tagann an Stiúrthóir Taighde, na Leas-Stiúrthóirí Taighde, an Bainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht, an Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht agus an fhoireann taighde dlí le chéile mar ghrúpa ar bhonn tráthrialta chun tuairimí a mhalartú maidir leis na réimsí ar a mbíonn siad ag déanamh taighde.

Tugtar spreagadh do thaighdeoirí ailt a fhoilsiú in irisleabhair dhlí iomchuí agus iad ag obair leis an gCoimisiún. Áirítear leo sin ailt ina bpléitear le réimsí ar a mbíonn an taighdeoir ag obair go gníomhach.

AIRGEADAS

Ioncam agus caiteachas

Cistítear an Coimisiún le deontas i gcabhair ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rud a sholáthraítear trí vóta bliantúil Oifig an Ard-Aighne. Tá an t-ioncam iomlán a fuarthas ó gach foinse (go háirithe an deontas i gcabhair, mar aon le haon ghlanchistiú iarchurtha ó phinsin, aistrithe chuig an gcuntas caipitil, agus aon aisíocaíochtaí ón Roinn Coimirce Sóisialaí) sa bhliain 2023 leagtha amach sna Ráitis Airgeadais ón gCoimisiún don bhliain 2023, mar atá in Aguisín C thíos. Cumhdaíodh leis an gcaiteachas a tabhaíodh tuarastail na gCoimisinéirí agus na mball foirne, íocaíochtaí pinsin, forchostais chiosa agus áitribh, cothabháil acmhainní leabharlainne an Choimisiúin, cothabháil líonra TF an Choimisiúin, agus costais phriontála agus dáileacháin.

SOCRUITHE RIALACHAIS

Is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht agus an chuntasacht fhoriomlán as gníomhaíochtaí an Choimisiúin. Agus an ról sin á chomhlíonadh aige, faigheann an Coimisiún cúnamh ón gCoiste Bainistíochta, ón bhfoireann riaracháin agus ón bhfoireann taighde. Is é Ard-Stiúrthóir Oifig an Ard-Aighne an tOifigeach Cuntasaíochta don Choimisiún.

Faoi nósanna imeachta cuntasaíochta reatha, íostarraingítear cistiú ó Oifig an Ard-Aighne

ar bhonn míosúil trí dheontas i gcabhair. Tá comhaontú seirbhíse i bhfeidhm idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Cuireadh cuntais leithreasa don bhliain 2023 faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh, mar atá leagtha amach in Aguisín C thíos. A luaithe a cheadaítear na cuntais, seoltar chuig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad agus leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais iad de réir an *Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*.

Iniúcháireacht Inmheánach

An Coiste Iniúcháireachta

Déanann Coiste Iniúcháireachta Oifig an Ard-Aighne iniúchadh ar an gCoimisiún gach bliain freisin.

Íocaíochtaí prasa

Le linn na bliana 2023, níor thabhaigh an Coimisiún aon phionóis úis faoin *Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997*, arna leasú le *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002*.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ina chomhlacht poiblí chun críocha na *nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001*.

AN CÓD CLEACHTAIS CHUN COMHLACHTAÍ STÁIT A RIALÚ

Le linn thréimhse na Tuarascála Bliantúla seo, chinntigh an Coimisiún go raibh a chuid beartas agus nósanna imeachta ar aon dul leis an leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Soláthraítear leis an gCód Cleachtais creat le haghaidh an dea-chleachtas i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm i gcomhlachtaí tráchtála stáit agus i gcomhlachtaí neamhthráchtála stáit. Leagtar amach sa Chód na ceanglais chomhlíonta atá ar chomhlachtaí neamhthráchtála stáit amhail an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí sna réimsí seo a leanas, atá pléite thíos:

- Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais
- Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais
- Iompar Stiúrthóirí agus Fostaithe
- Soláthar
- Taisteal agus Cothú
- Bainistíocht Riosca
- Ráiteas Aschuir

Tuarascálacha, Luach Saothair agus Cuntais

Leagtar amach in Aguisín C den Tuarascáil Bhliantúil seo faisnéis ghinearálta faoi ioncam agus airgeadas an Choimisiúin sa bhliain 2023.

Is leagtha amach in Aguisín C freisin atá sceideal freastail ar chruinnithe an Choimisiúin don bhliain 2023, lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach Coimisinéir, dá mba ann dóibh.

Tá figiúirí a bhaineann le tuarastail agus speansais na gCoimisinéirí agus leis na costais a thabhaigh siad agus iad ag freastal ar chomhdhálacha sa bhliain 2023 leagtha amach in Aguisín C freisin.

Taisteal agus Cothú

Nuair is iomchuí, eagraíonn an tAonad Seirbhísí Dlí agus Corparáideacha eiltí agus cóiríocht agus íocann sé astu roimh ré, i gcomhréir le beartas taistil an Rialtais. Ní mór aon speansais ghaolmhara eile a dhearbhu.

Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tá córas cuí rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm ag an gCoimisiún, rud a ndéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste agus Coiste Iniúchóireachta Oifig an Ard-Aighne athbhreithniú air gach bliain.

Iompar Coimisinéirí agus Fostaithe

Tá Cód Iompair Gnó do Choimisinéirí i bhfeidhm ag an gCoimisiún, rud a glacadh agus a ceadaíodh go foirmiúil. Is státseirbhísigh iad na baill foirne riaracháin de chuid an Choimisiúin agus ceanglaítear orthu ceanglais Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse agus an *Achta um Rúin Oifigiúla, 1963*, a chomhlíonadh.

Soláthar

Is í an fhoireann riaracháin a sheolann soláthar sa Choimisiún, agus í ag cinntiú go mbíonn soláthar ag teacht le dlí an Aontais Eorpaigh agus le ciorcláin ón Rialtas. Bíonn sí i dteagmháil thráthrialta leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun leas a bhaint as seirbhísí bainistithe láraithe nuair is ann dóibh.

Clár Rioscaí an Choimisiúin

Nuashonraíodh Clár Rioscaí an Choimisiúin sa bhliain 2023 agus coinníonn an Coimisiún agus an Coiste Bainistíochta é faoi athbhreithniú tráthrialta.

An Ráiteas Straitéise agus an Clár Oibre Bliantúil

Ar an leibhéal eagraíochta, is é a ghabhann leis na Príomhchuspóirí atá sa *Ráiteas Straitéise 2021 – 2023* ón gCoimisiún ná spriocanna a leagtar amach i gclár oibre bliantúil an Choimisiúin. Déanann an Coiste Bainistíochta agus an Coimisiún faireachán tráthrialta ar an dul chun cinn ar na spriocanna sin a bhaint amach.

Chun ullmhú don tréimhse ón mbliain 2024 go dtí an bhliain 2026, d'ullmhaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Ráiteas Straitéise nua.

An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Is tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a bhainistítear feidhmíocht na mball foirne aonair, lena n-áirítear taighdeoirí dlí.

ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

De réir *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Críochúsáide Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh), 2009* (I.R. Uimh. 542 de 2009), agus de réir Threoir 2006/32/CE, chinntigh an Coimisiún le linn na bliana 2023 go ndearna sé bearta cuí maidir le caomhnú fuinnimh agus maidir le húsáid fuinnimh a laghdú ina áitreabh oifige.

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 2014

Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá air faoin *Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014*, de réir na Scéime Saorála Faisnéise uaidh atá foilsithe ar a shuíomh Gréasáin, www.lawreform.ie. Taifeadtar iarrataí saorála faisnéise i Loga Saorála Faisnéise an Choimisiúin, atá mar chuid den Scéim Saorála Faisnéise uaidh. Fuair an Coimisiún sé iarraidh saorála faisnéise sa bhliain 2023.

AN tACHT FÁ CHOIMISIÚN NA hÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS, 2014

Tá oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí (faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014) cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn. Tugtar “an dualgas earnála poiblí” ar an oibleagáid sin de ghnáth. Ceann amháin de na luachanna a bhí ag an gCoimisiún faoin Ráiteas Straitéise 2021 – 2023 uaidh is ea “cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn i ngach a ndéanaimid”. Bhunaigh an Coimisiún Coiste um Chearta an Duine agus Comhionannas, a tháinig le chéile sa bhliain 2023. D’fhéach an Coimisiún leis an dualgas sin a chomhlíonadh ar roinnt bealaí le linn na bliana 2023:

1. Inrochtaineacht na saothar uainn agus na gcumarsáidí seachtracha uainn

Lean an Coimisiún de bhearta a dhéanamh chun bacainní ar na foilseacháin uaidh a bhaint agus chun an caidreamh leo a uasmhéadú. Sa bhliain 2023, fuair baill foirne taighde an Choimisiúin oiliúint i mBéarla simplí chun a chinntiú go mbeadh na foilseacháin uaidh amach anseo scríofa i stíl shoiléir inrochtana. I mí Aibreáin 2023, d’fhoilsigh an Coimisiún achoimre Béarla shimplí ar an Tuarascáil ar Fháil Éigeantach Talún uaidh. Ba é cuspóir na hachóimre Béarla shimplí ná moltaí a bheadh níos éasca le rochtain agus níos éasca le tuiscint a dhéanamh de na moltaí ón gCoimisiún le haghaidh athchóiriú an dlí. Sa bhliain 2023, chuir

baill foirne an Choimisiúin tús freisin le leaganacha Béarla shimplí agus soléite den Tuarascáil ar Chreat Rialála le haghaidh Cumhdach Aosach ón gCoimisiún, rud a fhoilseofar sa bhliain 2024.

Thug an Coimisiún an Barra Uirlisí ReachDeck isteach ar a shuíomh Gréasáin chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, inléiteacht agus clúdach na bhfoilseachán uaidh. Cuireadh faisnéis faoi ghnéithe agus feidhmeanna an Bharra Uirlisí ReachDeck leis an leathanach Gréasáin inrochtaineachta ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin.

2. Cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn trí chuimsitheacht in earcaíocht

(a) Neodracht ó thaobh inscne de

Chun comhionannas agus cuimsitheacht a chur chun cinn, lean an Coimisiún dá chinntiú go mbaintear úsáid as teanga atá neodrach ó thaobh inscne de sna doiciméid earcaíochta uaidh.

(b) An Scéim Intéirneachta Rochtana Taighde Dlí

Bhunaigh an Coimisiún an Scéim Intéirneachta Rochtana sa bhliain 2021 agus leathnaíodh í sa bhliain 2023 chun oibriú i gcomhpháirt le hOifig an Ard-Aighne (“OAG”), le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit (“CSSO”) agus le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (“ODPP”). Mar thoradh air sin, tairgtear leis an Scéim, ar fhorbair an Coimisiún í ar dtús, líon méadaithe deiseanna inrochtana intéirneachta anois ar fud na gceithre chomhlacht.

Tá an Coimisiún aireach ar an bhfianaise ar na bacainní indéreacha atá ann ar dhul isteach i ngairmeacha dlí, ar bacainní iad ar dóigh dóibh tionchar a imirt ar ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch go háirithe (Hook Tangaza (2018) Athbhreithniú ar Oideachas agus Oiliúint Dlí-Chleachtóirí). Cruthaíodh an Scéim Intéirneachta Rochtana Taighde Dlí chun deiseanna íoctha intéirneachta a thabhairt do mhic léinn dlí a thagann ó chúlraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó a bhfuil míchumas orthu. Tá sé mar aidhm leis an Scéim éagsúlacht a mhéadú san earnáil dlí agus feabhas a chur ar rochtain ar dheiseanna do mhic léinn ó chúlraí atá faoi thearcionadaíocht.

Sa bhliain 2023, chomhoibrigh an Coimisiún le comhghleacaithe in OAG, in CSSO agus in ODPP chun clár ionductúcháin dhá lá a eagrú do na hintéirnigh. Áiríodh leo sin seimineáir agus ceardlanna ar thopaicí amhail Ríomhleabhar Reachtanna na hÉireann agus modhanna taighde. Chomhoibrigh an Coimisiún go buíoch le heagraíochtaí eile, amhail an tSeirbhís Chúirteanna, Barra na hÉireann agus Dlí-Chumann na hÉireann, chun cainteanna faisnéiseacha agus cuairteanna staidéir a thairiscint do na hintéirnigh. Eagraíodh imeacht gairmeacha freisin, rud lenar áiríodh cainteoirí ó raon leathan eagraíochtaí agus ról chun tuilleadh léargais a thabhairt do na hintéirnigh ar chonairí gairme féideartha atá ar oscailt do chéimithe dlí. Ag deireadh Scéim 2023, cuireadh imeacht fáiltithe ar siúl do na hintéirnigh. Ar na daoine a labhair ag an imeacht sin bhí Maureen Noonan, intéirneach an Choimisiúin; an Breitheamh Onórach Frank Clarke, Uachtarán an Choimisiúin; Rossa Fanning SC, an tArd-Aighne; Catherine Pierse, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; agus Maria Browne, an Príomh-Aturnae Stáit.

AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Faoi alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, ceanglaítear ar an gCoimisiún, mar chomhlacht poiblí, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú i ndáil leis an líon nochtaí cosanta a rinneadh dó sa bhliain roimhe sin agus ar an ngníomh, más ann, a rinneadh mar fhreagra ar aon nochtaí cosanta den sórt sin.

Ní dhearnadh aon nochtaí cosanta le linn na bliana 2023.

AN RÚN ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS AGUS NA HASCHUIR DON BHLIAIN 2023

Cheadaigh an Coimisiún an téacs seo a leanas ag an gcruinniú dá chuid i mí Aibreáin 2023.

"Bhreithnigh an Coimisiún na dréacht-Ráitis Airgeadais don Choimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, ar scaip an Ceann Riaracháin iad roimh an gcruinniú.


Chomhaontaigh an Coimisiún gur léiríodh go cuí sna dréacht-Ráitis Airgeadais suim an deontais i gcabhair a fuair an Coimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus gur léiríodh go cuí iontu freisin ioncam agus caiteachas míosúil an Choimisiúin le linn na bliana 2023, rud a ndearna an Coimisiún é a thabhairt faoi deara agus a cheadú roimhe sin ag gach ceann de na cruinnithe dá chuid sa bhliain 2023 agus ag an gcruinniú dá chuid i mí Eanáir 2024.

Maidir leis na haschuir ón gCoimisiún le linn na bliana 2023, lenar áiríodh Plépháipéir ar athchóiriú an dlí a ullmhú agus, nuair ab iomchuí, a fhoilsiú, dréachtfhoilseacháin a fhorbairt ar mhaithe lena bhfoilsiú sa bhliain 2023, agus aschuir óna chuid taighde i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht, thug an Coimisiún **faoi deara** freisin go raibh na haschuir sin ag teacht lena chlár oibre taighde, rud a ndearna an Coimisiún é a thabhairt faoi deara agus a cheadú roimhe sin ag gach ceann de na cruinnithe dá chuid sa bhliain 2023."

AGUISÍN A

CAIRT EAGRAÍOCHTA AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Cairt Eagraíochta an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí



COIMISIÚN UM
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ
LAW REFORM
COMMISSION

AGUISÍN B

TUARASCÁIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS AN CHOIMISIÚIN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ 2023

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Dréacht-Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Clár Ábhar

	Leathanach
Faisnéis faoin gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí	1
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	2 - 3
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí den Choimisiún	4 - 8
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	9 - 10
Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim	11
Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach	12
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	13
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	14
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	15 - 26

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Faisnéis

Uachtarán	An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Coimisinéirí	An tUas. Richard Barrett - Coimisinéir Lánaimseartha An Breitheamh Onórach Maurice Collins - Coimisinéir Páirtaimseartha An Dr Andrea Mulligan BL - Coimisinéir Páirtaimseartha An Breitheamh Onórach Niamh Hyland - Coimisinéir Páirtaimseartha
Oifig chláraithe	An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí An 5ú hUrlár Teach Styne Sráid Haiste Uachtarach Baile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2
Iniúchóir	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste 3A Sráid an Mhéara Uachtarach Baile Átha Cliath 1 D01PF72
Baincéirí	Danske Bank 3 Plás Mháistir an Chuain Baile Átha Cliath 1



Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 9 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Cuimsíonn na ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ag an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2023 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticíúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil na gcomhaltaí den Choimisiún agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Mary Henry
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
26 Meitheamh 2024

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí na gcomhaltaí den Choimisiún

Mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gcomhaltaí den Choimisiún, tá na comhaltaí den Choimisiún freagrach as na nithe seo a leanas

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 9 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975
- a chinntiú go dtugtar léargas firinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú cé acu is cuí nó nach cuí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 9 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, ráitis airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaihteáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaihteáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaitheint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna himthosca, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.

- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn gnóthais leantaigh na cuntasaióchta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinneim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Déanaim cumarsáid leis na daoine sin a gcuirtear de chúram orthu plé le rialachas maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caihteáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinneim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíú agus lena n-oibriú. Tuairiscím i gcás go sainaithním ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh ar seoladh gnó poiblí.

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí den Choimisiún

Rialachas

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha amach in alt 4 d'Acht 1975. Tá an Coimisiún cuntasach d'Oifig an Ard-Aighne, do Roinn an Taoisigh agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an Coimisiún freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé na cúraimí sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos sa Ráiteas Straitéise uaidh agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh ar gach saincheist thábhachtach ghnó. Is ar an gCoimisinéir Lánaimseartha agus ar an bhFoireann Ardbhainistíochta atá an fhreagracht as an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don Choimisinéir Lánaimseartha agus don Fhoireann Ardbhainistíochta cloí leis an mórthreo straitéiseach a leagann an Coimisiún síos agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Choimisiún ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an gCoimisiún agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Coimisinéir Lánaimseartha mar idirghabhálaí díreach idir an Coimisiún agus an Fhoireann Ardbhainistíochta.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá obair agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, ina dtuairiscítear na nithe atá forchoimeáda go sonrach dá gcinneadh ag an gCoimisiún. Áirítear na nithe seo a leanas leis na buanmhíreanna a bhreithníonn an Coimisiún:

- Tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta;
- Acmhainní daonna agus nithe riaracháin eile;
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn ón Stiúrthóir Taighde ar na tionscadail taighde atá i gCláir um Athchóiriú an Dlí de chuid an Choimisiúin (tugtar sna Cláir sin, nach mór don Rialtas iad a cheadú faoi Acht 1975, liosta de thionscadail um athchóiriú an dlí ar a seolann an Coimisiún taighde, agus foilsítear ansin Páipéir Chomhairleacha Saincheisteanna agus, tráth níos déanaí, Tuarascálacha ina bhfuil moltaí maidir le hathchóiriú an dlí) agus ar iarrataí sonracha a fuarthas ón Ard-Aighne;
- Athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar dhréachtpháipéir a bhaineann le tionscadail taighde an Choimisiúin.

Ceanglaítear le halt 9 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, ar na comhaltaí den Choimisiún gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead uile a fuair sé nó a chaith sé a choimeád i cibé foirm a bheidh formheasta ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé ag feidhmiú; agus
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Déanann an Coimisiún meastóireacht ar an gclár oibre ag gach ceann dá cruinnithe gnó ráithiúla, áit a n-athbhreithníonn sé an dul chun cinn ar gach tionscadal, agus déanann sé meastóireacht ar an gclár oibre gach bliain, rud a rinne sé ag an gcruinniú dá chuid i mí an Mhárta 2024. Déanann sé meastóireacht ar an gclár oibre nuair a athbhreithníonn sé an dréacht-Tuarascáil Bhliantúil uaidh freisin, rud a rinne sé nuair a bhí an Tuarascáil Bhliantúil 2023 á hathbhreithniú aige ag an gcruinniú dá chuid i mí na Bealtaine 2024.

Tá an Coimisiún freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Measann an Coimisiún go dtugtar sna ráitis airgeadais uaidh léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ag an 31 Nollaig 2023.

Struchtúr an Choimisiúin

Cuimsíonn an Coimisiún cúigear comhaltaí, is iad sin: Uachtarán an Choimisiúin; an Coimisinéir Lánaimseartha, agus triúr Coimisinéirí Páirtaimseartha. Ceapann an Rialtas iad go léir de réir an Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Féadfar na comhaltaí den Choimisiún a cheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana ar a mhéad. Tagann an Coimisiún le chéile deich n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana. Sa tábla thíos, tugtar mionsonraí faoin tréimhse ceapacháin do na comhaltaí den Choimisiún sa bhliain 2023:

Comhalta den Choimisiún	Ról	Dáta Ceapacháin
An Breitheamh Onórach Frank Clarke	Uachtarán	12 Iúil 2022 (dáta a ceapadh an comhalta)
An tUas. Richard Barrett	Coimisinéir Lánaimseartha	5 Aibreán 2022 (dáta a ceapadh an comhalta)
An Breitheamh Onórach Maurice Collins	Coimisinéir Páirtaimseartha	1 Deireadh Fómhair 2020 (dáta a ceapadh an comhalta)
An Dr Andrea Mulligan BL	Coimisinéir Páirtaimseartha	1 Deireadh Fómhair 2020 (dáta a ceapadh an comhalta)
An Breitheamh Onórach Niamh Hyland	Coimisinéir Páirtaimseartha	18 Bealtaine 2021 (dáta a ceapadh an comhalta)

Coistí an Choimisiúin

Ag gníomhú dó i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún, comhlíonann Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Riosca an Ard-Aighne an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí agus riosca don Choimisiún. Ó am go ham, bunaíonn an Coimisiún coistí ad hoc agus/nó grúpaí oibre chun cabhrú lena chuid taighde. Níor bhunaigh an Coimisiún aon choiste den sórt sin sa bhliain 2023.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansas

Tá sceideal freastail ar chruinnithe an Choimisiúin don bhliain 2023 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na speansas a fuair gach comhalta den Choimisiún.

Ainm an Choimisinéara	An Líon Cruinnithe ar Freastalaidh Orthu	Tuarastal/Táillí	Speansas taistil chuig cruinnithe an Choimisiúin	Freastal ar chomhdhála/léachtaí
		€	€	€
Uachtarán				
An Breitheamh Onórach Frank Clarke	11	59,183	-	416
Coimisinéir (Lánaimseartha)				
An tUas. Richard Barrett	11	159,444	-	453
Coimisinéirí (Páirtaimseartha)				
An Breitheamh Onórach Maurice Collins	11	-	-	64
An Dr Andrea Mulligan BL	11	-	-	358
An Breitheamh Onórach Niamh Hyland	11	-	-	64

*Tabhair faoi deara gurbh amhlaidh, de bhreis ar chruinnithe míosúla an Choimisiúin, a d'fhreastail comhaltaí an Choimisiúin ar níos mó ná daichead ceann de chruinnithe/de chruinnithe faisnéise a bhí sonrach don ábhar chun plé a dhéanamh ar na dréachtchaibidlí leanúnacha de Thuarascálacha gníomhacha/de Pháipéir Chomhairliúcháin ghníomhacha.

Tá tuarastal an Uachtaráin ag teacht leis na treoirlínte iomchuí ón Rialtas.

Tá tuarastal an Choimisinéara lánaimseartha ag leibhéal an Ard-Rúnaí Chúnta.

Ní fhaigheann na Coimisinéirí páirtaimseartha aon tuarastail ná aon táillí faoin mbeartas 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá na comhaltaí den Choimisiún freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí ceanglais an Chóid Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód.

1) Costais Chomhairleachta

Áirítear le costais chomhairleachta an costas ar chomhairle sheachtrach a chur ar an lucht bainistíochta. Ní áirítear leo an costas ar fheidhmeanna seachfhoinsithe “gnáthghnó”.

	2023	2022
	€	€
An Breithniú maidir le Dínit ag an Obair	-	34,031
Comhairleacht maidir le Cosaint Sonraí	2,460	
An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí Fáil Éigeantach Talún	-	18,066
An 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, Díspeagadh Cúirte	-	2,400
Athbhreithniú eitice ar shuirbhé beartaithe atá dírithe ar íospartaigh na coireachta	-	500
An Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil	210	-
An Feachtas Taighde Comhairleachta	-	275
Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí	4,500	8,000
Nuashonruithe ar Achtanna Athbhreithnithe sonraithe.	3,920	-
Obair Eolaire Reachtaíochta ar an Acht Airgeadais, 2022.	600	-
Comhairleacht maidir le comhairle cánach	1,845	-
Athbhreithniú ar Rialachas Eagraíochta	30,381	-
Athbhreithniú Cíosa	6,150	-
Iomlán	50,066	63,272

2) Costais Dlí agus Socraíochtaí

Ní raibh aon chostais dlí ná aon socraíochtaí ann sa bhliain 2023.

3) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

Catagóirítear caiteachas taistil agus cothaithe mar a leanas:

		2023	2022
		€	€
Taisteal intíre	Coimisiún	229	-
	Fostaithe	512	16
	Eile	-	-
Taisteal idirnáisiúnta	Coimisiún	867	-
	Fostaithe	1,348	-
	Eile	-	-
Iomlán		2,956	16

4) Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2023	2022
	€	€
Fáilteachas Foirne	4,418	2,566
Fáilteachas Cliant	1,301	1,223
	5,719	3,789

Áirítear le Fáilteachas Foirne sólaistí do chruinnithe an Choimisiúin agus speansais an cheaintín foirne.

Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Coimisiún an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ina iomláine sa bhliain 2023.



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2024

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Raon Freagrachta

Thar ceann an Choimisiúin, aithním an fhreagracht atá air as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Choimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais.

Cumas le Riosca a Láimhseáil

Is ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an Ard-Aighne freisin atá freagracht as an gCoimisiún. Cuimsíonn an coiste sin Cathaoirleach, beirt chomhaltaí sheachtracha, agus beirt bhall foirne ó Oifig an Ard-Aighne agus ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a bhfuil eolas oibre acu ar chleachtais airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile ceithre huaire sa bhliain 2023. Bhí iniúchtaí ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar cheann amháin de na cláir oibre.

Tá an Coimisiún ina chomhlacht beag earnála poiblí a bhfuil ceadú le haghaidh 24 bhall foirne aige. Níl aon Fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí aige. Mar atá luaite thuas, tagann na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí faoi shainchúram an Choiste Iniúchóireachta laistigh d'Oifig an Ard-Aighne (máthair-Oifig an Choimisiúin). Cuireann an Coiste sin athbhreithnithe i gcrích ar bhonn débhlíantúil.

Chuir an Coimisiún beartas bainistíochta riosca le chéile, rud ina leagtar amach an lamháltas riosca atá aige agus na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm aige agus ina mionsonraítear na ról agus na freagrachtaí atá ann ó thaobh riosca de. Eisíodh an beartas sin chuig gach ball foirne a bhfuiltear ag súil leis go n-oibreoidh siad de réir bheartais bhainistíochta riosca an Choimisiúin agus go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe agus a ghlacann freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Coimisiún córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud ina saináithnítear agus ina dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an gCoimisiún. Rinneadh na rioscaí sin a shaináithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasáí atá siad. Déanann an Coiste Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shinsearacha shonracha as rialuithe a oibriú. Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo
- Tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, rud lena ngabhann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Faireachán agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl d'ardbhainisteoirí agus don Choimisiún, a ghlacfaidh freagracht as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh nuair is iomchuí. Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara. Cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal mar ar sannadh freagrachtaí as bainistíocht airgeadais; agus
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar. Chomhlíon an Coimisiún na nósanna imeachta sin le linn na bliana 2023.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas d'fhairesachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Cuireann Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí Oifig an Ard-Aighne athbhreithnithe i gcrích ar bhonn débhlíantúil.

Rinne an Ceann Riaracháin athbhreithniú ar na beartais agus na nósanna imeachta uile i mí Eanáir 2023. Níor thángthas ar aon laigí ná mírialtachtaí, agus cheadaigh an Coiste Bainistíochta iad ina dhiaidh sin. D'fhostaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an Foras Riaracháin i mí Feabhra 2023 chun athbhreithniú rialachais a dhéanamh. Díreofar san athbhreithniú sin ar an roinnt reatha freagrachtaí agus ar na socruithe caidrimh oibriúcháin laistigh den Choimisiún. Ba é a bhí sa toradh is tábhachtaí ar an athbhreithniú sin ná tuarascáil ina leagfar amach barúlacha, fionnachtana agus moltaí lena mbreithniú ag an gCoimisiún, i gcomhairle le hOifig an Ard-Aighne. Ba ann do 25 mholadh a tháinig faoi shé chatagóir, a bhfuil gach ceann díobh á mbreithniú ag an gCoimisiún.

Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaitníodh i rialuithe inmheánacha i dtaca leis an mbliain 2023 aon laigí is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim An Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €	2022 €
Ioncam			
Deontas ón Oireachtas	2	2,548,000	2,316,000
Eile		10,185	9,588
Ús ar Thaiscí		4,899	387
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil		73,732	70,418
Glanchistíú iarchurtha le haghaidh pinsean	7(c)	262,304	252,644
		<u>2,899,120</u>	<u>2,649,037</u>
Caiteachas			
Tuarastail	5	1,385,320	1,241,911
Pinsin	7(a)	413,576	392,667
TF		112,037	74,253
Muirir chíosá agus sheirbhíse		397,452	391,105
Solas agus Teas		14,985	13,803
Deisiúcháin agus Cothabháil - Foirgnimh		28,683	2,305
Árachas		3,517	4,030
Teileafón		16,784	13,845
Páipéarachas agus bainistíocht oifige		70,179	39,987
Seimineáir		1,668	2,162
Leabharlann		116,497	126,840
Taisteal agus cothú		2,956	16
Glantachán		11,656	12,807
Priontáil		35,672	24,229
Postas		5,907	2,529
Dímheas		95,835	100,638
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		-	202
Speansais Ilghnéitheacha Oifige		1,825	690
Luach saothair na n-iniúcháirí		12,500	10,450
Oiliúint		23,935	39,357
Tacaíocht Chorparáideach		50,553	57,349
Táilí gairmiúla		50,066	63,272
		<u>2,851,603</u>	<u>2,614,447</u>
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		47,517	34,590
larmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Eanáir 2023		201,981	167,391
larmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig 2023		<u>249,498</u>	<u>201,981</u>

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

		An bhliain dar críoch	An bhliain dar críoch
	Nóta	2023 €	2022 €
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		47,517	34,590
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach ó Thaithí ar dhliteanais scéime pinsean		(547,000)	1,273,000
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach ar Athruithe sna toimhdí maidir le dliteanais scéime pinsean		91,000	(2,542,000)
Athruithe sna toimhdí atá taobh thiar de luach reatha na ndliteanais scéime pinsean		-	-
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar an dliteanais pinsin	7(b)	(456,000)	(1,269,000)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin		456,000	1,269,000
Ioncam/(Caillteanas) Cuimsitheach Iomlán don bhliain		47,517	34,590

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Ráiteas faoin Staid Airgeadais
Amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023 €	€	2022 €	€
Sócmhainní seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	8	175,296		249,028	
			175,296		249,028
Sócmhainní reatha					
Suimeanna infhaighte	9	223,914		226,361	
Airgead agus coibhéisí airgid	3	146,105		102,300	
			370,019		328,661
Dlíteanais reatha: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin					
Suimeanna infaoctha	10	(107,596)		(100,829)	
Glansócmhainní reatha					
			262,423		227,832
			437,719		476,860
Dlíteanais: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin					
	11		(12,925)		(25,851)
			424,794		451,009
Cistiú iarchurtha sochair scoir	7(c)		5,516,000		5,710,000
Sochar scoir (dliteanas)	7(d)		(5,516,000)		(5,710,000)
Glansócmhainní					
			424,794		451,009
Ionadaithe ag:					
Cuntas caipitil	4		175,296		249,028
Cúlchistí Coinnithe Ioncaim			249,498		201,981
			424,794		451,009

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus nótaí 1 go 14 mar chuid de na ráitis airgeadais seo



An Breitheamh Onórach Frank Clarke
Uachtarán

Dáta: 25 Meitheamh 2024

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

**Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023**

	An bhliain dar críoch 2023 €	An bhliain dar críoch 2022 €
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríúcháin		
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	47,517	34,590
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	(73,732)	(70,418)
Dímheas	95,835	100,638
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	-	202
Laghdú/(Méadú) i Suimeanna Infhaighte	2,447	(12,208)
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Iníoctha	6,767	(7,727)
Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	(12,926)	(12,926)
Airgead a gineadh ó oibríochtaí	<u>65,908</u>	<u>32,151</u>
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannach sócmhainní inláimhsithe	(22,103)	(30,422)
Glanairgead a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta	<u>(22,103)</u>	<u>(30,422)</u>
Glanmhéadú/(glanlaghdú) in airgead agus i gcoibhéisí airgid		
Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana airgeadais	43,805	1,729
	<u>102,300</u>	<u>100,571</u>
Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais	<u>146,105</u>	<u>102,300</u>

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

1. Beartais Chuntasaíochta

Is leagtha amach thíos atá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Coimisiún. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

(a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí sa bhliain 1975 de réir fhorálacha an Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag an gCoimisiún ná an dlí a choimeád faoi bhreithniú, scrúduithe a ghabháil de lámh agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú, tograí a leagan amach le haghaidh athchóiriú an dlí, agus reachtaíocht a dhéanamh inrochtana do chách.

(b) Ráiteas faoi chomhlíonadh

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo ón gCoimisiún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir FRS 102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

(c) Bonn an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ar bhonn costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dlíteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna córa, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a d'fhormheas an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

(d) Airgeadra

Cuireadh na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), arb é airgeadra feidhmiúil an Choimisiúin é freisin.

(e) Ioncam

Deontas ón Oireachtas

Aithnítear Deontais ón Oireachtas ar bhonn fáiltas airgid.

Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhrúithe.

(f) Feabhsuithe ar Áitreabh ar Léas, Trealamh Oifige agus Daingneáin agus Feistis

Luaitear feabhsuithe ar áitreabh ar léas, trealamh oifige agus daingneáin agus feistis de réir costais lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon soláthar do bhearnú.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

(f) Dímheas (ar lean.)

Gearrtar dímheas ar gach feabhas ar áitreabh ar léas, ar gach trealamh oifige agus ar gach daingneán agus feisteas ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré eacnamaíoch fhóna, mar a leanas:

Feabhsuithe ar Aitreabh ar Léas	- 12.5%	de réir méid cothrom
Trealamh Oifige	- 20%	de réir méid cothrom
Daingneáin agus Feistis	- 10%	de réir méid cothrom

Is ionann luach iarmharach agus an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair ó shócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go mbeadh an tsócmhainn ar aois agus sa riocht a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré fóna cheana féin.

Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach aon sócmhainne, aithnítear cailteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim sa bhliain.

Ní raibh aon bhearnú ann sa bhliain 2023.

(g) Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte de réir luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha.

Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é i gcás go bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún in ann na suimeanna go léir atá dlite dó a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim a aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiacha amhrasacha.

(h) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe loncaim thar thréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa, ach amháin i gcás go bhfuil méaduithe cíosa ceangailte leis an ráta boilscithe ionchasach. Aithnítear méaduithe den sórt sin nuair a thabhaítear an caiteachas. Aithnítear thar thréimhse an léasa aon dreasachtaí léasa a fhaightear.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

(i) Sochair Fostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Bhunaigh an Coimisiún a scéimeanna pinsean sochair shainithe féin roimhe seo faoi ailt 11 agus 12 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Bhunaigh sé scéimeanna comhfhreagracha ranníocaíochta do chéilí agus do leanaí faoi shocrúithe riaracháin freisin. Cistítear na scéimeanna gach bliain ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' ó airgead a sholáthraítear ón Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail ball foirne agus comhaltaí.

Feidhmíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin, rud ar scéim sochair shainithe é do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí Oifig an Ard-Aighne.

Is ionann costais phinsin agus na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin ó bhaill foirne, ar ranníocaíochtaí iad a íoctar ar aghaidh le hOifig an Ard-Aighne. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam, a mhéid atá sí in-aisghafa, agus fritháirítear í le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhéanamh.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a léirítear gnóthachain achtúireacha nó cailteanais achtúireacha a eascraíonn as dlíteanais scéime, agus coigeartú comhfhreagrach á aithint sa tsuim atá in-aisghafa ó Oifig an Ard-Aighne.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dlíteanais, de réir luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Choimisiúin agus as aon chistiú gaolmhar, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasáíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Is ar bhonn achtúireach a thomhaistear dlíteanais na scéime sochair scoir, agus modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

(j) Breithiúnais agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ag dáta an Chláir Comhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir bheith difriúil leis na meastacháin sin. Is iad seo a leanas na breithiúnais a raibh an éifeacht is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luach Iarmharach

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainní agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe na saolréanna eacnamaíochta fóna agus na luachanna iarmharacha a bhaineann le Feabhsuithe ar Áitreabh ar Léas, le Daingneáin agus Feistis agus le Trealamh Oifige, agus tháinig sé ar an gconclúid gur cuí atá na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha sin.

Oibleagáidí Sochair Scoir

Maidir leis na toimhdí atá taobh thiar de na luachálacha achtúireacha óna gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, an ráta méadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus treorátaí costas cúram sláinte), tugtar iad cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí reatha geilleagracha agus chun freastal ar aon athruithe iomchuí ar théarmaí agus coinníollacha an phlean pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na toimhdí:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta toraidh ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí sa mhargadh saothair amach anseo
- (iii) treorátaí costas cúram sláinte, na rátaí boilscithe i gcostais leighis sna réigiúin iomchuí.

2. Deontas ón Oireachtas

Is é atá sa Deontas ón Oireachtas a vótáiltear chuig an gCoimisiún ó Oifig an Ard-Aighne (Vóta 3: Fomhírcheann A4), mar atá léirithe sna ráitis airgeadais, ná na nithe seo a leanas:

	2023	2022
	€	€
	2,548,000	2,316,000

3. Airgead agus Coibhéisí Airgid

	2023	2022
	€	€
Cuntais Reatha Bhainc	146,010	102,196
Mionairgead	95	104
	<u>146,105</u>	<u>102,300</u>

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.)
An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023**

4. Cuntas Caipitil

Is ionann an t-iarmhéid ar an gCuntas Caipitil agus luach neamhamúchta na gcistí a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

	2023	2022
	€	€
Iarmhéid Tosaigh	249,028	319,446
Móide: Suim a caitheadh chun sócmhainní seasta a cheannach	22,103	30,422
Lúide dímheas sócmhainní inláimhsithe	(95,835)	(100,638)
- Lúide: Diúscairtí sócmhainní seasta – Costas	(4,360)	(12,608)
Móide: Dímheas Carntha ar Dhiúscairt	4,360	12,406
Iarmhéid Deiridh	<u>175,296</u>	<u>249,028</u>

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

5. Costais Foirne

Ba iad seo a leanas an meánlíon fostaithe a bhí ann agus na costais chomhiomlána phárolla a tabhaíodh le linn na bliana airgeadais:

	2023	2022
Meánlíon fostaithe	18	18
	€	€
Pá agus tuarastail	1,385,320	1,241,911

Áirítear leis na figiúirí thuas tuarastail (agus speansais, más ann dóibh) an Uachtaráin agus an Choimisinéara lánaimseartha. Tá mionsonraí faoi na tuarastail agus na speansais sin leagtha amach thíos.

Ainm an Choimisinéara	2023			2022		
	An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu	Tuarastal €	Speansais €	An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu	Tuarastal €	Speansais €
Uachtarán						
An Breitheamh Onórach Mary Laffoy 14 Eanáir 2022 (dáta a chuaigh an comhalta ar scor)	-	-	-	1	1,844	-
An Breitheamh Onórach Frank Clarke 12 Iúil 2022 (dáta a ceapadh an comhalta)	11	59,183	-	5	27,841	-
Coimisinéir Lánaimseartha						
An tUas. Richard Barrett 5 Aibreán 2022 (dáta a ceapadh an comhalta)	11	159,444	-	9	110,942	-
Coimisinéirí Páirtaimseartha						
An Breitheamh Onórach Maurice Collins	11	-	-	13	-	-
An Dr Andrea Mulligan BL	11	-	-	13	-	-
An Breitheamh Onórach Niamh Hyland	11	-	-	13	-	-
Iomlán		218,627	-		140,627	-

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Léirítear sa tábla thíos an líon fostaithe ar mhó a luach saothair ná €60,000.

€	2023	2022
60,000 – 69,999	1	1
70,000 – 79,999	3	1
80,000 – 89,999	1	2
90,000 – 99,999	1	-
100,000 – 109,999	-	1
110,000 – 119,999	-	3
120,000 – 129,999	1	-
130,000 – 139,999	-	-
140,000 – 149,999	-	-
150,000 – 159,999	1	-

Sochair Chomhiomlána Fostaithe

	2023	2022
	€	€
Sochair Ghearrthéarmacha Foirne	1,385,320	1,241,911
Sochair Foirceanta	-	-
Costais Sochair Scoir	152,696	141,356
Iomlán	1,538,016	1,383,267

Ba é an líon iomlán ball foirne (mar choibhéis lánaimseartha) a bhí fostaithe ag deireadh na bliana ná 21 duine (2022:20).

Níor íocadh aon sochar foirceanta sa bhliain 2023.

An Príomhphearsanra Bainistíochta

Ba é luach saothair iomlán na ndaoine sin a bhfuil tionchar suntasach/cumhacht shuntasach cinnteoireachta acu ná €489,018 (€420,453 sa bhliain 2022). Áirítear leo sin an tUachtarán, na Coimisinéirí agus comhaltaí den choiste bainistíochta.

Asbhaineadh €31,692 ó bhaill foirne tríd an tobhach pinsin agus íocadh ar aghaidh le hOifig an Ard-Aighne é (€31,870 sa bhliain 2022).

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

6. Léas Oibriúcháin

I mí Lúnasa 2017, rinne an Coimisiún léas ocht mbliana chun an 5ú hUrlár de Theach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2, a áitiú.

Fuair an Coimisiún tréimhse léasa cúig mhí atá saor ó chíos. De réir FRS 102, roinneadh an muirear sin thar thréimhse an léasa ocht mbliana.

Íocadh CBL an 4ú Sceideal dar luach €206,029 ar an léas sa bhliain 2017. Caipitlíodh é sin faoin gceannteideal Feabhsuithe ar Áitreabh ar Léas agus bíonn sé á dhímheas thar thréimhse an léasa ocht mbliana.

Comhaontaíodh athbhreithniú cíosa i mí na Nollag 2020, rud a bhfuil éifeacht leis ar feadh cúig bliana ón 15 Feabhra 2020.

Tá an Coimisiún i mbun idirbheartaíochta ar théarmaí léasa nua a thiocfaidh in éifeacht an 15 Feabhra 2025.

Ceangaltais Léasa

Ag an 31 Nollaig 2023, bhí na híocaíochtaí íosta léasa seo a leanas le hóc ag an gCoimisiún faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

	2023	2022
	€	€
Iníoctha laistigh de bhliain amháin	352,730	352,730
Iníoctha laistigh de thréimhse idir dhá bhliain agus cúig bliana	58,790	411,520
Iníoctha tar éis cúig bliana	-	-

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

7. Costais sochair scoir

	2023	2022
	€	€
(a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a muirearaíodh ar chaiteachas	210,000	310,000
Costas Seirbhíse Reatha	-	-
Costas Seirbhíse Roimhe Sin	-	-
Ús ar chostais sochair scoir a muirearaíodh ar chaiteachas	205,000	84,000
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe	(1,424)	(1,333)
	413,576	392,667
(b) Gluaiseacht sa ghlansochar scoir le linn na bliana airgeadais		
Glandliteanas sochair scoir ag an 1 Eanáir	5,710,000	6,726,000
Costas Seirbhíse Reatha	210,000	310,000
Costas Seirbhíse Roimhe Sin	-	-
Costas Úis	205,000	84,000
Caillteanais/(gnóthachain) achtúireacha	(456,000)	(1,269,000)
Sochar scoir a íocadh sa bhliain	(153,000)	(141,000)
	5,516,000	5,710,000

(c) Cistiú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Is ar bhonn roinnt eachtraí san am atá thart a aithníonn an Coimisiún suimeanna ón Stát don dliteanas neamhchistithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil do scéimeanna aoisliúntais agus an beartas agus an cleachtas i ndáil le sochar scoir seirbhíse poiblí a chistiú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil i bhfeidhm leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis na suimeanna sonracha sin agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon ráthaíocht againn ina leith, níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas cistiúcháin sin le freastal diaidh ar ndiaidh ar an tsuim sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Ba mar a leanas a bhí an Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

	2023	2022
	€	€
Glanchistiú iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir sa bhliain		
Cistiú is in-aisghafa i leith chostais sochair scoir na bliana reatha	415,000	394,000
Deontas stáit a úsáideadh chun pinsinéirí a íoc	(152,696)	(141,356)
	262,304	252,644

B'ionann an tsócmhainn cistiúcháin iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2023 agus €5,516,000 (2022: €5,710,000).

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe	2023	2022	2021	2020
	€	€	€	€
Oibleagáidí sochair shainithe	5,516,000	5,710,000	6,726,000	5,935,000
(Gnóthachain)/caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime	(456,000)	(1,269,000)	725,000	352,000
Céatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	8.27%	22%	11%	6%

B'ionann na caillteanais charnacha achtúireacha/(na gnóthachain charnacha achtúireacha) a aithnítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach agus €1,611,900 amhail an 31 Nollaig 2023 (2022: €2,067,900).

(e) Tuairisc ghinearálta ar an Scéim

Bhunaigh an Coimisiún a scéimeanna pinsean sochair shainithe féin roimhe seo faoi ailt 11 agus 12 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975. Bhunaigh sé scéimeanna comhfhreagracha ranníocacha do chéilí agus do leanaí faoi shocruithe riaracháin freisin. Cistítear na scéimeanna gach bliain ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' ó airgead a sholáthraítear ón Vóta d'Oifig an Ard-Aighne agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail ball foirne agus comhaltaí. Feidhmíonn an Coimisiún an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") freisin, rud ar scéim sochair shainithe é do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair ar aghaidh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe trí Oifig an Ard-Aighne.

Tá an luacháil a úsáideadh le haghaidh Nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a ndearna achtúire cáilithe neamhspleách í ag gach dáta chun aird a thabhairt ar cheanglais FRS 102 ar mhaithe le dliteanais na scéime ag an 31 Nollaig 2023 a mheas.

Toimhdí	2023	2022
Ráta an mhéadaithe ionchasaigh i dtuarastail	3.75%	4%
Ráta an mhéadaithe in íocaíochtaí pinsin	3.25%	3.5%
Ráta Lascaine	3.15%	3.5%
Boilsciú	2.25%	2.5%

Leis na rátaí mortlaíochta a ghlactar, déantar soláthar d'fheabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbeidh an t-ionchas saoil tráth an scoir ag brath ar an mbliain ina mbainfidh an ball aois scoir amach (65 bliana d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do bhaill a bhainfidh 65 bliana d'aois amach sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2022.

Bliain ina mbainfear 65 bliana d'aois amach	2023	2022
Ionchas saoil - fear	22	21.9
Ionchas saoil - bean	24.4	24.3

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

8. Sócmhainní inláimhsithe

	Feabhsuithe ar Áitreabh ar Léas	Trealamh Oifige	Daingneáin agus feistis	Iomlán
	€	€	€	€
Costas				
Ag an 1 Eanáir 2023	330,829	1,318,062	629,472	2,278,363
Breiseanna	-	21,429	674	22,103
Diúscairtí		(4,360)		(4,360)
Ag an 31 Nollaig 2023	330,829	1,335,131	630,146	2,296,106
Dímheas				
Ag an 1 Eanáir 2023	219,255	1,208,878	601,202	2,029,335
Muirear don bhliain airgeadais	41,354	49,402	5,079	95,835
Diúscairtí	-	(4,360)	-	(4,360)
Ag an 31 Nollaig 2023	260,609	1,253,920	606,281	2,120,810
Suim ghlanluacha				
Ag an 31 Nollaig 2023	70,220	81,211	23,865	175,296
Ag an 31 Nollaig 2022	111,574	109,184	28,270	249,028

9. Suimeanna Infhaighte

	2023	2022
	€	€
Suimeanna Infhaighte Eile	51	1,805
Réamhíocaíochtaí	223,863	224,556
	<u>223,914</u>	<u>226,361</u>

10. Suimeanna Iníoctha

	2023	2022
	€	€
Cáin agus árachas sóisialach:		
ÍMAT agus leas sóisialach	36,465	36,647
CBL	5,944	10,383
Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla	639	2,052
Fabhruithe	51,622	38,821
Fabhrú i leith na tréimhse léasa atá saor ó chíos <1 bhliain	12,926	12,926
	<u>107,596</u>	<u>100,829</u>

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean.) An bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023

11. Dílteanais: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin.	2023	2022
	€	€
Fabhrú i leith na tréimhse léasa atá saor ó chúis > 1 bhliain	12,925	25,851

12. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil fós le glanadh ag an gCoimisiún amhail an 31 Nollaig 2023.

13. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

I measc na ndaoine a bhfuil tionchar suntasach/cumhacht shuntasach cinnteoireachta acu sa Choimisiún tá an tUachtarán, na Coimisinéirí agus comhaltaí den choiste bainistíochta. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh leis an bpearsanra a bhfuil tionchar suntasach/cumhacht shuntasach cinnteoireachta aige agus €489,018 sa bhliain 2023 (2022: €420,453).

Féach Nóta 5 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta.

Glacann an Coimisiún nósanna imeachta maidir le leasanna pearsanta na gcomhaltaí den Choimisiún, ar nósanna imeachta iad atá i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I ngnáthchúrsa an ghnó, is féidir go gceadóidh an Coimisiún deontais d'eintitis ina bhfuil comhaltaí den Choimisiún fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile nó go ndéanfaidh sé socrúithe conartha eile leis na heintitis sin.

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí den Choimisiún, ar treoirlínte iad atá i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta ann sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí.

14. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh an Coimisiún na ráitis airgeadais ag an gcruinniú dá chuid i mí na Bealtaine 2024.

AGUISÍN C

**ROGHA ÓCÁIDÍ, CRUINNITHE AGUS SEIMINEÁR INA RAIBH AN
COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ PÁIRTEACH SA BHLIAIN 2023i**

09/01/23	Cruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta
13/01/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin, Tuaisceart Éireann
17/01/23	Cruinniú Coiste maidir leis an gClár Rioscaí
19/01/23	Cruinniú leis an bhForas Riaracháin – Athbhreithniú an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí
25/01/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin
30/01/23	RTÉ Prime Time, Teach Styne
31/01/23	Cruinniú leis an gCoiste um Chearta an Duine agus Comhionannas
09/02/23	Cruinniú maidir le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh
15/02/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin
22/02/23	Cruinniú leis na Coimisinéirí Dlí Idirnáisiúnta
24/02/23	An Chomhdháil um Rochtain ar Cheartas
06/03/23	Cruinniú Bliantúil le haghaidh Iniúchta, an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
06/03/23	Cruinniú maidir leis an gClár Rioscaí
07/03/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh
08/03/23	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte – Cruinniú
13/03/23	Cruinniú Bainistíochta
27/03/23	Cruinniú Faisnéise de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
28/03/23	Cruinniú leis an gCoiste um Chearta an Duine agus Comhionannas
03/04/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
18/04/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cistiú Dlíthíochta Tríú Páirtí
19/04/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
24/04/23	Cruinniú leis an bhForas Riaracháin
25/04/23	Cruinniú maidir leis an gClár Rioscaí
26/04/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin
05/05/23	Cruinniú Faisnéise de chuid an Choimisiúin
17/05/23	Cruinniú Iomlánach de chuid an Choimisiúin
08/06/23	Cruinniú leis an bhForas Riaracháin
12/06/23	Clár Ionduchtúcháin na Scéime Intéirneachta Rochtana
14/06/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
28/06/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
03/07/23	Cruinniú Faisnéise maidir le Cumhdach Aosach

05/07/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
10/07/23	Cruinniú le Claire Fife (Rialtas na Breataine Bige)
13/07/23	Cruinniú de chuid an Choiste Iniúcháireachta
18/07/23	Cruinniú Bainistíochta
26/07/23	Cruinniú maidir le Bainistíocht Riosca
11/08/23	Cruinniú Bainistíochta
11/09/23	Cruinniú Faisnéise maidir le Cumhdach Aosach
13/09/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
18/09/23	Cruinniú Bainistíochta
19/09/23	Bainistíocht Riosca
21/09/23	Cruinniú de chuid na Foirne maidir le Cumhdach Aosach
29/09/23	Cruinniú leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí
12/10/23	Cruinniú leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte
18/10/23	Cruinniú Bainistíochta
25/10/23	Cruinniú le Coimisiún na Cipire um Athchóiriú an Dlí
26/10/23	Cruinniú le hOifig an Ard-Aighne maidir leis an Scéim Intéirneachta Rochtana 2024
01/11/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin
13/11/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin maidir le Cumhdach Aosach
13/11/23	Cruinniú Bainistíochta
14/11/23	Cruinniú le Cumhdach Éireann
29/11/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin
06/11/23	Oiliúint Aeráide agus Inbhuanaitheachta
12/12/23	Cruinniú maidir le Bainistíocht Riosca
13/12/23	Cruinniú Bainistíochta
20/12/23	Cruinniú de chuid an Choimisiúin